

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
29 Nollaig 2017



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2017/2391 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 a mhéid a bhaineann leis na típeolaíochtaí críochacha (Tercet) 1
- ★ Rialachán (AE) 2017/2392 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2017 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun leanúint de na teorainneacha reatha raon feidhme atá ar ghníomhaíochtaí eitlíochta agus chun ullmhúchán a dhéanamh do bheart atá bunaithe ar an margadh domhanda a chur chun feidhme ó 2021 amach 7
- ★ Rialachán (AE) 2017/2393 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, (AE) Uimh. 1307/2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta, (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margái i dtáirgí talmhaíochta agus (AE) Uimh. 652/2014 lena leagtar síos forálacha maidir le bainistiú caiteachais i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, agus i ndáil le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí 15

Ceartúchán

- ★ Ceartúchán ar Threoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017) 50

GA

* Faoin tagairt L 350 a foilsíodh ábhar an eagrán seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2017/2391 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

an 12 Nollaig 2017

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 a mhéid a bhaineann leis na típeolaíochtaí críochacha (Tercet)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, bunaítear aicmiú staidrimh comhchoiteann aonad críochach (Ainmníocht aonad críochach le haghaidh staidrimh, dá ngairtear “NUTS”) ionas go bhféadfar staidreamh réigiúnach comhchuibhithe a bhailiú, a thiomsú agus a scaipeadh san Aontas Eorpach.
- (2) Tá an Coimisiún, i gcomhar leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, tar éis líon áirithe de típeolaíochtaí críochacha bunúsacha, agus na cinn is ábhartha, a shainmhíniú chun na haonaid staidrimh arna mbunú le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 a aicmiú.
- (3) Baintear úsáid cheana as na típeolaíochtaí sin faoin gCóras Staidrimh Eorpach, go háirithe leibhéal an uirbithe, ar a n-áirítear an sainmhíniú ar chathracha.
- (4) Is gá códú a dhéanamh ar na típeolaíochtaí ionas gur féidir sainmhínithe agus dálaí gan débhrí a leagan amach i dtaca le tíopaí críochacha, rud a áiritheoidh a gcur i bhfeidhm comhchuibhithe agus trédhearcach agus rud a chobhsóidh na típeolaíochtaí chun tacú le tiomsú agus scaipeadh an staidrimh Eorpaigh. Ní dochar na típeolaíochtaí staidrimh sin do shainmhíniú na limistéar sonracha le haghaidh bheartais an Aontais.
- (5) Ba cheart feidhm a bheith ag córas ina bhfuil greillí staitistiúla chun tíopaí críochacha a ríomh agus a shannadh do na réigiúin agus gceantair atá i gceist, ó tharla go mbraitheann na tíopaí sin ar an dáileadh daonra agus ar an dlús daonra a bhíonn i ngreillechealla dar toisí aon chiliméadar cearnach.

⁽¹⁾ IO C 209, 30.6.2017, lch. 71.

⁽²⁾ IO C 342, 12.10.2017, lch. 74.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Samhain 2017 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 4 Nollaig 2017.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann aonad críochach le haghaidh staidrimh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

- (6) Ba cheart soiléiriú a thabhairt ar roinnt mionghnéithe a bhaineann leis na haonaid riaracháin áitiúla (ARÁ) chun téarmaíocht agus sásra seachadta liostaí ARÁ ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) a shimplíú.
- (7) D'fhonn oiriúnú d'fhorbairtí comhfhreagracha sna Ballstáit, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasú a dhéanamh, i gcomhréir leis an bhfaisnéis a bheidh curtha in iúl ag na Ballstáit, ar aicmiú NUTS in Iarscríbhinn I, ar liosta na n-aonad riaracháin atá ann cheana agus atá in Iarscríbhinn II, agus ar liosta ARÁ in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ⁽¹⁾. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (8) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le cur i bhfeidhm na dtípeolaíochtaí críochacha agus leis na hamshraitheanna nach mór do na Ballstáit a tharchur chuig an gCoimisiún i gcás aon leasú a dhéantar ar aicmiú NUTS. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾.
- (9) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon aicmiú réigiúnach a chomhchuíbhíú, a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

“Airteagal 1

Ábhar

1. Bunaítear leis an Rialachán seo aicmiú staidrimh comhchoiteann aonad críochach (NUTS), ionas go bhféadfar staidreamh Eorpach a bhailiú, a thiomsú agus a scaipeadh ar leibhéal chríochacha éagsúla an Aontais.
2. Leagtar amach aicmiú NUTS in Iarscríbhinn I.
3. Beidh na haonaid riaracháin áitiúla (ARÁ), dá dtagraítear in Airteagal 4, ina gcomhlánú ar aicmiú NUTS.
4. Beidh na greillí staitistiúla, dá dtagraítear in Airteagal 4a, ina gcomhlánú ar aicmiú NUTS. Bainfear úsáid as na greillí staitistiúla sin chun típeolaíochtaí daonra-bhunaithe a ríomh.
5. Beidh típeolaíochtaí críochacha an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 4b, ina gcomhlánú ar aicmiú NUTS trí thíopaí a shannadh do na haonaid chríochacha.”;

- (2) in Airteagal 2, scriostar mír 5;

⁽¹⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(3) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Leagtar amach in Iarscríbhinn II na haonaid riaracháin atá ann cheana agus a úsáidtear d’aicmiú NUTS. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a chun Iarscríbhinn II a leasú ar bhonn na n-athruithe sna haonaid riaracháin a bheidh curtha in iúl dó ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 5(1).”;

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

“Féadfaidh cuid de na haonaid neamhriaracháin, áfach, imeacht ó na tairseacha sin de bharr imthosca geografacha, socheacnamaíocha, stairiúla, cultúrtha nó comhshaoil, go háirithe na sna hoileáin agus sna réigiúin is forimeallaí.”;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

“Airteagal 4

Aonaid riaracháin áitiúla

1. I ngach Ballstát, déanfaidh na haonaid riaracháin áitiúla (ARÁ) leibhéal NUTS 3 a fhoroinnt i gceann amháin nó in dhá cheann de leibhéal bhreise d’aonaid chríochacha. Beidh ceann amháin ar a laghad de leibhéal ARÁ ina aonad riaracháin mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) agus mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a chun liosta ARÁ in Iarscríbhinn III a leasú ar bhonn na n-athruithe sna haonaid riaracháin a bheidh curtha in iúl dó ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 5(1).

2. Laistigh de na chéad 6 mhí de gach bliain, agus ag tagairt do 31 Nollaig na bliana roimhe sin, déanfaidh na Ballstáit liosta ARÁ a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat), agus léireofar sa liosta sin aon athruithe ar an réigiún de NUTS 3 lena mbaineann siad. Agus sin á dhéanamh aige, leanfaidh sé an fhormaid do shonraí leictreonacha a iarrann an Coimisiún (Eurostat).

3. Faoin 31 Nollaig gach bliain, foilseoidh an Coimisiún (Eurostat) liosta ARÁ ar an gcuid tiomnaithe sin dá shuíomh gréasáin.”;

(5) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

“Airteagal 4a

Greillí staitistiúla

Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) córas ina bhfuil greillí staitistiúla ar leibhéal an Aontais a choinneáil ar bun agus a fhoilsiú ar an gcuid tiomnaithe sin dá shuíomh gréasáin. Beidh na greillí staitistiúla sin i gcomhréir leis na sonraíochtaí a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún (*).

Airteagal 4b

Típeolaíochtaí críochacha de chuid an Aontais

1. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) típeolaíochtaí Aontais atá comhdhéanta d’aonaid chríochacha ar leibhéal NUTS, ar leibhéal ARÁ agus ar leibhéal na ngreillecheall a choinneáil ar bun agus a fhoilsiú ar an gcuid tiomnaithe sin dá shuíomh gréasáin.

2. Bunófar an típeolaíocht ghreillebhunaithe ar an leibhéal greilleghléine dar toisí 1 km² mar a leanas:

— ‘lárionaid uirbeacha’,

— ‘cnuasionaid uirbeacha’,

— ‘greillechealla tuaithe’.

3. Bunófar na típeolaíochtaí seo a leanas ar leibhéal ARÁ:

(a) leibhéal an uirbithe (DEGURBA):

— ‘Ceantair uirbeacha’:

— ‘Cathracha’ nó ‘Ceantair dhlúsdáonra’,

— ‘Bailte agus bruachbhailte’ nó ‘Dlúscheantair idirmheánacha’,

— ‘Ceantair thuaithe’ nó ‘Ceantair thearcdháonra’;

(b) ceantair uirbeacha fheidhmiúla:

- ‘Cathracha’ móide na ‘Criosanna comaitéireachta’ a bhaineann leo;

(c) ceantair chósta:

- ‘Ceantair chósta’,
- ‘Ceantair isteach ón gcósta’.

Má tá níos mó ná leibhéal riaracháin ARÁ amháin sa Bhallstát, rachaidh an Coimisiún (Eurostat) i gcomhairle leis an mBallstát sin chun a chinneadh cén leibhéal riaracháin ARÁ a úsáidfear chun na típeolaíochtaí a shannadh.

4. Bunófar na típeolaíochtaí agus lipéid seo a leanas ar leibhéal NUTS 3:

(a) típeolaíocht uirbeach-thuaithe:

- ‘Réigiúin uirbeacha den chuid is mó’,
- ‘Réigiúin eastramhacha’,
- ‘Réigiúin thuaithe den chuid is mó’;

(b) típeolaíocht mheitreapholaiteach:

- ‘Réigiúin mheitreapholaiteacha’,
- ‘Réigiúin neamh-mheitreapholaiteacha’;

(c) típeolaíocht chósta:

- ‘Réigiúin chósta’,
- ‘Réigiúin isteach ón gcósta’.

5. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, coinníollacha aonfhoirmeacha a leagan síos chun go gcuirfear i bhfeidhm na típeolaíochtaí go comhchuíbhithe ar leibhéal an Aontais. Sna coinníollacha sin, tabharfar tuairisc ar an modh ar dá réir a dhéanfar na típeolaíochtaí a shannadh do ARÁ aonair agus do réigiúin leibhéal NUTS 3. Agus na coinníollacha aonfhoirmeacha á gcur i bhfeidhm aige, déanfaidh an Coimisiún imthosca geografacha, socheacnamaíocha, stairiúla, cultúrtha agus comhshaoil a chur san áireamh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7.

(*) Commission Regulation (EU) No 1089/2010 of 23 November 2010 implementing Directive 2007/2/EC of the European Parliament and of the Council as regards interoperability of spatial data sets and services (OJ L 323, 8.12.2010, p. 11).;

(6) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas;

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Aon leasuithe a dhéanfar ar aicmiú NUTS in Iarscríbhinn I, déanfar iad a ghlacadh sa dara leath den bhliain féilire, gach 3 bliana ar a luaithe, ar bhonn na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 3. Ina ainneoin sin, má dhéantar atheagrú substainteach ar struchtúr ábhartha riaracháin Ballstáit, féadfar leasuithe den sórt sin ar aicmiú NUTS a ghlacadh ag eatrainmh níos giorra.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a chun aicmiú NUTS dá dtagraítear sa chéad fhómhír den mhír seo a leasú ar bhonn na n-athruithe sna haonaid chríochacha a bheidh curtha in iúl dó ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo. Ón 1 Eanáir den dara bliain tar éis ghlacadh an ghnímh tarmligthe sin, beidh na sonraí réigiúnacha a sheolfaidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) bunaithe ar aicmiú NUTS arna leasú.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. I gcás ina nglacann an Coimisiún gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 4, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann na hamshraitheanna don mhiondealú réigiúnach nua a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) le cur in ionad na sonraí sin a tarchuireadh cheana. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann na hamshraitheanna sin a tharchur faoin 1 Eanáir den 4 bliana tar éis ghlacadh an ghnímh tarmligthe sin.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, coinníollacha aonfhoirmeacha a leagan amach do na hamshraitheanna agus d'fhad na n-amsraitheanna, agus a indéanta atá sé an méid sin a sholáthar á chur san áireamh aige. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7.”;

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

“Airteagal 7

Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach cúnaimh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.”;

(8) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 7a

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(4), in Airteagal 4(1) agus in Airteagal 5(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón 18 Eanáir 2018. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(4), in Airteagal 4(1) agus in Airteagal 5(4) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiofadh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(4), Airteagal 4(1) agus Airteagal 5(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.”;

(9) scriostar Airteagal 8;

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Iarscríbhinn III:

“AONAD RIARACHÁIN ÁITIÚLA”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 12 Nollaig 2017.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. MAASIKAS

RIALACHÁN (AE) 2017/2392 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE**an 13 Nollaig 2017****lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun leanúint de na teorainneacha reatha raon feidhme atá ar ghníomhaíochtaí eitlíochta agus chun ullmhúchán a dhéanamh do bheart atá bunaithe ar an margadh domhanda a chur chun feidhme ó 2021 amach**

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Bhí 21ú Comhdháil Pháirtithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC) ar siúl i bPáras ón 30 Samhain go dtí an 12 Nollaig 2015. Ag an gComhdháil sin, glacadh comhaontú idirnáisiúnta (“Comhaontú Pháras”) chun an fhreagairt dhomhanda don athrú aeráide a neartú. Leagtar amach i gComhaontú Pháras, *inter alia*, sprioc fhadtéarmach atá i gcomhréir leis an gcuspóir chun an méadú ar an teocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, chomh maith le hiarrachtaí a shaothrú chun é a choimeád ag 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Rinneadh Comhaontú Pháras a fhorghabháil thar ceann an Aontais Eorpaigh le Cinneadh (AE) 2016/1841 ⁽³⁾ ón gComhairle. Tháinig Comhaontú Pháras i bhfeidhm ar an 4 Samhain 2016. Chun cuspóirí an Chomhaontaithe sin a bhaint amach, beidh ar gach earnáil rannchuidiú a dhéanamh agus déanfaidh na Páirtithe Rannchuidithe comhleánúna arna gCinneadh go Náisiúnta (“NDCanna”) a ullmhú, a chur in iúl agus a choinneáil ar bun. Dá bhrí sin, ba cheart gníomhaíocht a dhéanamh tríd an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (“ICAO”) chun astaíochtaí ón eitlíocht idirnáisiúnta a laghdú.
- (2) Tá cosaint an chomhshaoil ar cheann de na dúshláin is mó atá roimh an Aontas. Is iad cuspóirí comhshaoil an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú; sláinte an duine a chosaint; acmhainní nádúrtha a úsáid go stuama réasúnach; agus bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun dul i ngleic le fadhbanna comhshaoil ar bhonn réigiúnach agus ar bhonn domhanda, agus go háirithe, an t-athrú aeráide a chomhrac.
- (3) I gconclúidí de chuid na Comhairle Eorpaí an 23-24 Deireadh Fómhair 2014, leagadh síos sprioc cheangailteach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa an gheilleagair iomláin a laghdú faoi 40 %, ar a laghad, faoi bhun leibhéil 1990, faoin mbliain 2030. An 6 Márta 2015, thug an Chomhairle formheas foirmiúil don rannchuidiú sin an Aontais is a Bhallstáit ina cháil mar NDC beartaithe faoi chuimsiú Chomhaontú Pháras. Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2014, luaigh an Chomhairle Eorpach go bhfuil an sprioc le baint amach ag an Aontas go comhpháirteach ar an mbealach is costéifeachtaí is féidir, sin le laghdúithe suas le 43 % agus 30 % faoi seach in earnálacha Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (“AE ETS”) agus in earnálacha nach mbaineann ETS leo, faoi seach, faoi 2030 i gcomparáid le 2005. Ba cheart gach earnáil den gheilleagar a cion a dhéanamh chun na laghdúithe astaíochtaí sin a bhaint amach. Ba cheart don Choimisiún plé a éascú idir na Ballstáit ar an dea-chleachtas agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh in earnáil shoghluaisteach na n-astaíochtaí ísle.

⁽¹⁾ IO C 288, 31.8.2017, lch. 75.⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2017 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 12 Nollaig 2017.⁽³⁾ Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1).

- (4) Beidh AE ETS dea-fheidhmiúil athchóirithe lena ngabhfaidh ionstraim atreisithe chun an margadh a chobhsú, ar an bpríomhionstraim Eorpach d'fhonn an sprioc maidir le laghdú 40 % dá dtagraítear sna conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2014 a bhaint amach, a mbeidh fachtóir líneach agus leithdháileadh saor in aisce ag baint leis tar éis 2020. Ba cheart na forálacha sin a bheith i gcomhréir le cuspóirí aeráide an Aontais agus lena ghealltanais faoi Chomhaontú Pháras. Ba cheart an scair a chuirfear ar ceant a shloinneadh mar fhigiúr céatadáin i dTreoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, chun an chinnteacht pleanála i ndáil le cinntí infheistíochta a fheabhsú, chun trédhearcacht a mhéadú, chun sceitheadh carbóin a íoslághdú, agus chun go mbeidh an córas foriomlán níos simplí agus níos sothuigthe. Mar chuid den tuairiscíú rialta uaidh faoi Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar thoradh Idirphlé Éascaitheach 2018. Ba cheart forálacha Threoir 2003/87/CE a choinneáil faoi athbhreithniú i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta agus iarrachtaí arna ndéanamh chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, lena n-áirítear an chéad athbhreithniú domhanda in 2023, agus an t-athbhreithniú a dhéanfar gach 5 bliana ina dhiaidh sin, a bheidh mar bhonn do NDCanna comhleánúna.
- (5) Tá an tAontas agus a Bhallstáit tar éis iarraidh dul chun cinn a dhéanamh maidir le teacht ar chomhaontú idirnáisiúnta maidir le tionchair an gháis cheaptha teasa ón eitlíocht a laghdú ó bhí 1997 ann, agus tá reachtaíocht i bhfeidhm acu ó 2008 amach chun tionchair an athraithe aeráide ó ghníomhaíochtaí eitlíochta a theorannú trí AE ETS, córas atá i bhfeidhm ó bhí 2005 ann. Rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina breithiúnas an 21 Nollaig 2011 ⁽³⁾ nach sáraítear an dlí idirnáisiúnta trí ghníomhaíochtaí eitlíochta a chuimsiú in AE ETS de bhun Threoir 2008/101/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾. Chun dul chun cinn a éascú ag ICAO, tá an tAontas tar éis maoluithe faoi cheangal ama a ghlacadh faoi dhó maidir le AE ETS chun oibleagáidí comhlíonta maidir le hastaíochtaí ó eitiltí idir aeradróim sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("LEE") a theorannú, agus cóir chomhionann maidir le haerbhealaí a thabhairt d'oibreoírí aerárthaí cibé áit a bhfuil siad lonnaithe. Leis an maolú is déanaí maidir le AE ETS, a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 421/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, cuireadh teorainn le hoibleagáidí comhlíonta i dtaobh eitiltí laistigh de LEE idir 2013 agus 2016, agus beartaíodh athruithe ionchasacha do raon feidhme an chórais ó thaobh gníomhaíochta chuig aeradróim taobh amuigh de LEE, agus ó na haeradróim sin chomh maith céanna, ón 1 Eanáir 2017 amach tar éis an athbhreithnithe a leagtar amach sa Rialachán sin.
- (6) Tá obair ICAO ar bheart atá bunaithe ar an margadh le haghaidh astaíochtaí eitlíochta idirnáisiúnta ar cheann den "chiseán beart" atá ann chun an sprioc mhianaidhme a bhaint amach, is é sin go mbeidh fás ann atá neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2020 ("CNG 2020"), agus ba cheart an obair sin a chomhlánú le forbairtí sna teicneolaíochtaí a úsáidtear le haghaidh bainistíú aerthráchta agus le haghaidh tiomána. Beidh gá le forbairt leanúnach a dhéanamh ar straitéisí agus cláir taighde chun go mbeidh an nuálaíocht theicniúil agus na feabhsúcháin oibríochtúla atá ag teastáil d'fhonn sprioc CNG 2020 a sháru agus dearbhlaghduithe astaíochtaí a bhaint amach ar fud na hearnála.
- (7) Glacadh roinnt beart ar leibhéal an Aontais a bhfuil sé mar aidhm acu cosc a chur ar ilroinnt an aerspáis Eorpaigh d'fhonn feabhas a chur ar an sreabhadh aerthráchta agus ar rialú úsáid an aerspáis, lena laghdófar astaíochtaí. Tá a dtiomantas léirithe in athuair ag na Ballstáit maidir le coincheap an Aerspáis Eorpaigh Aonair a chur chun feidhme, agus an méadú a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh ar an méid aerthráchta sna blianta amach romhainn á chur san áireamh acu. Ní mór dlús a chur le cur chun feidhme Chomhghnóthas Taighde BAT an Aerspáis Eorpaigh Aonair (SESAR) chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le bainistíocht aerthráchta. Cuirfidh bearta eile, amhail GNSS a úsáid le haghaidh loingseoireachta satailíte, Comhthionscnaimh Teicneolaíochta amhail Spéir Ghlan I agus Spéir Ghlan II agus cláir taighde de chuid an Aontais, amhail Fis 2020 agus na cláir a thiocfaidh i gcomharbacht air, leis an éifeachtúlacht agus le laghdú astaíochtaí eitlíochta.

⁽¹⁾ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le sásra chun faireachán agus tuairiscíú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairiscíú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 280/2004/CE (IO L 165, 18.6.2013, lch. 13).

⁽³⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 21 Nollaig 2011, *Air Transport Association of America and Others v. Secretary of State for Energy and Climate Change*, C-366/10, ECLI:EU:C:2011:864.

⁽⁴⁾ Treoir 2008/101/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE le go gcuirtear gníomhaíochtaí eitlíochta san áireamh sa scéim i ndáil le trádáil ar lamháitais i gcomhair astaíochtaí gáis ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal (IO L 8, 13.1.2009, lch. 3).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 421/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal, i bhfianaise chur chun feidhme faoi 2020 comhaontuithe idirnáisiúnta lena gcuirtear i bhfeidhm beart domhanda aonair bunaithe ar an margadh ar astaíochtaí eitlíochta idirnáisiúnta (IO L 129, 30.4.2014, lch. 1).

- (8) I bhfianaise an rúin a glacadh ag an 39ú Tionól de chuid ICAO i mí Dheireadh Fómhair 2016 maidir le beart atá bunaithe ar an margadh domhanda a chur i bhfeidhm ó 2021 amach chun astaíochtaí ón eitlíocht idirnáisiúnta os cionn leibhéil 2020 a fhritháireamh, tá sé beartaithe ag ICAO Caighdeáin agus Cleachtais Mholta (“SARPs”), lena gcomhlánfar an rún sin, a ghlacadh mar aon leis an gcóras domhanda a chur chun feidhme in 2018. Maidir lena oibríochtú nithiúil, áfach, beidh gá le gníomhaíocht ó Pháirtithe ICAO ar leibhéal intíre. Chomh maith leis sin, is gá d’ICAO socruithe rialaithe a fhorbairt, córas clárlainne san áireamh. Sa chomhthéacs sin, d’fhonn dlús a chur faoi ICAO agus oibríochtú na scéime de chuid ICAO a éascú, ba cheart an maolú atá ann faoi láthair ó oibleagáidí AE ETS i leith eiltí chuig agus as tríú tíortha a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2023, faoi réir athbhreithnithe, chun go bhféadfar an taithe atá riachtanach a fháil maidir le scéim ICAO a chur chun feidhme. Ó cuireadh síneadh leis an maolú, ba cheart do líon na lamháltas atá le cur ar ceant agus le heisiúint in aisce, na lamháltais ón gcúlchiste speisialta san áireamh, leanúint de bheith i gcomhréir le laghdú na hoibleagáide chun tabhairt suas. Ón 1 Eanáir 2021 amach, ba cheart an líon lamháltas a leithdháiltear ar oibreoirí aerárthaí a laghdú go bliantúil i gcomhréir leis an bhfachtóir líneach laghdaithe is infheidhme maidir le gach earnáil eile in AE ETS, faoi réir an athbhreithnithe i bhfianaise chur chun feidhme scéim ICAO. Ullmhófar an t-athbhreithniú i gcomhréir go hiomlán leis na treoirlínte maidir le rialáil níos fearr agus i ndiaidh comhairliúcháin chúil leis na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear na Ballstáit. I gcás lamháltais nach leithdháiltear ón gcúlchiste speisialta, ba cheart iad a chur ar ceal i gcónaí.
- (9) Ba cheart an t-ioncam a ghintear ó lamháltais a chur ar ceant, nó a choibhéis i luach airgeadais, a úsáid chun dul i ngleic le hathrú aeráide san Aontas agus i dtríú tíortha, *inter alia*, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, chun oiriúnú do thionchair athrú na heráide san Aontas agus i dtríú tíortha, go háirithe tíortha i mbéal forbartha, chun taighde agus forbairt ar mhaolú agus oiriúnú a mhaoiniú, lena n-áirítear i réimsí na haerloingseoireachta, an aeriompair agus na mbreoslaí eitlíochta malartacha inbhuanaithe go háirithe, chun astaíochtaí a laghdú trí iompar astaíochtaí ísle agus chun costas riaracháin AE ETS a chlúdach. Maidir leis na Ballstáit sin a úsáideann an t-ioncam sin chun taighde agus nuálaíocht a chómhaoiniú i gcás cláir nó tionscnaimh faoin Naoú Clár Réime um Thaighde (“FP9”), ba cheart go dtabharfadh siad aird ar leith ar an méid sin. Chun gealltanais an Aontais a chomhlíonadh, tá sé rithábachtach go n-áiríteofar trédhearacht i ndáil le húsáid an ioncaim a ghintear ó na lamháltais a chur ar ceant faoi Threoir 2003/87/CE trí thuarascálacha a thíolacfaidh na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013.
- (10) Ba cheart sláine comhshaoil AE ETS a chosaint i gcoinne an bhaoil go rachadh oibleagáidí oibreoirí aerárthaí agus oibreoirí eile arna rialú ag Ballstát i léig. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh lamháltais arna n-eisiúint ag Ballstát den chineál sin inúsáidte ach amháin mura bhfuil baol ann go bhféadfaí na hoibleagáidí maidir le lamháltais a thabhairt suas le haghaidh astaíochtaí dul i léig ar bhealach a bhainfeadh an bonn de shláine comhshaoil AE ETS. Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun sláine comhshaoil AE ETS a chosaint dá réir sin. Ba cheart go mbeadh feidhm ag bearta den chineál sin go dtí nach mbeadh gá leo a thuilleadh i ngeall ar athrú ar imthosca.
- (11) Ós rud é go gcaithfeadh príomhghnéithe an bhirt atá bunaithe ar an margadh domhanda a fhorbairt fós agus go mbraitheann a chur chun feidhme ar reachtaíocht intíre a leagann na Stáit agus na réigiúin atá rannpháirteach síos, ba cheart don Choimisiún tuairisciú go rialta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn i gcaibidlíocht ICAO, go háirithe maidir le hionstraimí ábhartha a glacadh trí ICAO, lena n-áirítear SARPanna, maidir leis na gníomhaíochtaí a rinne tríú tíortha chun an beart atá bunaithe ar an margadh domhanda a chur chun feidhme le go mbeidh feidhm aige maidir le hastaíochtaí don tréimhse 2021-2035, maidir le hiarrachtaí chun bearta uailmhianacha ceangailteacha a leagan síos d’fhonn sprioc fhadtéarmach earnáil na heitlíochta a bhaint amach, is é sin go ngearrfaí ina leath líon na n-astaíochtaí CO₂ faoi 2050 le hais a raibh ann sa bhliain 2005 agus maidir le forbairt idirnáisiúnta agus ionstraimí infheidhme ábhartha eile, amhail rialacha faoin UNFCCC agus faoi Chomhaontú Pháras maidir le margaí carbóin agus cuntasáíocht. A thúisce a bheidh cineál agus inneachar ionstraimí ICAO soiléir agus sula gcuirfeadh tús leis an mbeart de chuid ICAO atá bunaithe ar an margadh domhanda, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur i láthair ina ndéanfaí breithniú ar an gcaoi a gcuirfí na hionstraimí sin chun feidhme i ndlí an Aontais trí leasú a dhéanamh ar Threoir 2003/87/CE. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar na rialacha is infheidhme ar eitiltí laistigh de LEE de réir mar is cuí. Agus an méid sin á dhéanamh, ba cheart go léireodh an Coimisiún sa tuarascáil uaidh an gá atá le comhshasmhacht a áirithiú le dlí an Aontais, go háirithe chun go seachnófar aon saobhadh iomaíochais agus chun ualach míchuí riaracháin a íoslághdú i gcás na mBallstát agus na n-oibreoirí eitlíochta. Ba cheart don Choimisiún togra cuí a chur leis an tuarascáil uaidh, i gcás inarb iomchuí, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, i gcomhréir le rannchuidiú na hearnála eitlíochta i dtreo gealltanais laghdaithe gáis uile-gheilleagair don bhliain 2030 de chuid an Aontais a áirithiú.
- (12) Chun ullmhúchán a dhéanamh do chur chun feidhme an bhirt de chuid ICAO atá bunaithe ar an margadh domhanda, tá gá le sonraí ábhartha a bheith ar fáil a luaithe is féidir maidir le hastaíochtaí ó ghníomhaíochtaí eitlíochta. Ba cheart faireachán a dhéanamh ar na hastaíochtaí sin, ba cheart iad a thuairisciú agus a fhíorú i gcomhréir leis na príonsabail chéanna is infheidhme maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí eitlíochta faoi Threoir 2003/87/CE. Dá réir sin, ba cheart don Choimisiún forálacha maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a ghlacadh chun beart de chuid ICAO atá bunaithe ar an

margadh domhanda a chur chun feidhme ar bhealach ina ndéanfaí aon saobhadh ar iomaíochas a sheachaint. Ba cheart do na forálacha sin bheith i gcomhréir leis na prionsabail atá sa rialachán dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Threoir 2003/87/CE agus ba cheart a áirithiú leo go bhfíorófar na tuarascálacha astaíochtaí a thíolacfar i gcomhréir leis na prionsabail agus na critéir maidir le fíorú dá dtagraítear in Airteagal 15 den Treoir sin. Ba cheart na forálacha sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta is infheidhme maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú faoi Threoir 2003/87/CE.

- (13) Bíonn tionchar ag an eitlíocht ar an aeráid trí ocsaídí nítrigine, gal uisce agus cáithníní sulfáit agus súiche a scaoileadh ag airdí arda, rud a d'fhéadfadh éifeacht shuntasach a a bheith aige ar an aeráid, dar le taighde eolaíoch. Measann an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide go bhfuil tionchar reatha iomlán na heitlíochta ar an aeráid dhá uair go ceithre huair níos airde ná an éifeacht a bhí ag a cuid astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin uirthi san am a caitheadh. Go dtí go ndéanfar dul chun cinn eolaíoch, ba cheart aghaidh a thabhairt ar thionchair uile na heitlíochta a mhéid is féidir. I dTreoir 2008/101/CE, beartaíodh go mbeadh togra ón gCoimisiún maidir le hocsáidí nítrigine ann in 2008. In ainneoin na ndeacrachtaí teicniúla agus polaitiúla a bhaineann leis sin, ba cheart don Choimisiún dlús a chur lena chuid oibre i dtaca leis sin. Ba cheart taighde a chur chun cinn freisin ar an gcaoi a ndéantar conairí comhdhlúthaithe, ar an gclaochlú a thagann orthu go ndéantar scamail chiorrais astu, ar na héifeachtaí díreacha is lú a bhíonn ag aerasóil shulfáite, agus ag súiche, agus ar bhearta maolaithe éifeachtacha, lena n-áirítear bearta oibríochtaí agus teicniúla.
- (14) Ar mhaithe le simpliú agus chun tascanna riaracháin a laghdú, ba cheart go mbainfeadh oibreoirí aerárthaí a bhfuil astaíochtaí is lú ná 3 000 tona CO₂ in aghaidh na bliana ó eitilt laistigh de LEE acu leas as an uirlis astaíraí beaga a formheasadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 606/2010 ón gCoimisiún ⁽¹⁾ chun a n-astaíochtaí a fhíorú. Maidir le hoibreoirí aerárthaí a astaíonn níos lú ná 1 000 tona CO₂ in aghaidh na bliana, ba cheart a mheas ina leith go mbeidh ceanglais Threoir 2003/87/CE á gcomhlíonadh acu ar feadh 10 mbliana eile agus, le linn na tréimhse sin, ba cheart bearta a fhorbairt sa todhchaí chun go bhféadfaidh na hoibreoirí uile cur le laghduithe astaíochta.
- (15) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon na teorainneacha reatha raon feidhme atá ar ghníomhaíochtaí eitlíochta a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2023 agus ullmhúchán a dhéanamh chun beart atá bunaithe ar an margadh a chur chun feidhme ó 2021, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (16) Is ríthábhachtach deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú le haghaidh oibreoirí aerárthaí agus údarais náisiúnta i bhfianaise an spriocdháta chun tabhairt suas — 30 Aibreán 2018 — amhail a thagraítear i dTreoir 2003/87/CE. Dá réir sin, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (17) Ba cheart Treoir 2003/87/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 2003/87/CE mar seo a leanas:

- (1) in Airteagal 3c, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“3a. Maidir le haon leithdháileadh lamháltas le haghaidh gníomhaíochtaí eitlíochta chuig aeradróim atá lonnaithe i dtíortha lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘LEE’), nó as na haeradróim sin, tar éis an 31 Nollaig 2023, beidh siad faoi réir an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 28b.”;

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 606/2010 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2010 maidir le formheas uirlis simplithe arna forbairt ag an eagraíocht Eorpach um shábháilteacht na haerlingseoireachta (Eurocontrol) chun ídiú breosla oibreoirí aerárthach astaíraí beaga áirithe a mheas (IO L 175, 10.7.2010, lch. 25).

(2) in Airteagal 3d, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Ón 1 Eanáir 2013, cuirfear 15 % de na lamháltais ar ceant. Déanfaidh an Coimisiún staidéar ar chumas earnáil na heitlíochta an costas a bhaineann le CO₂, a ghearradh ar a custaiméirí, i ndáil le AE ETS agus leis an mbeart atá bunaithe ar an margadh a d’fhorbair an Éagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (‘ICAO’). Sa staidéar sin, déanfar measúnú ar chumas earnáil na heitlíochta costas na n-aonad riachtanach astaíochtaí a ghearradh, agus comparáid á déanamh le hearnáil na tionsclaíochta agus leis an earnáil cumhachta, agus é beartaithe go molfaí an céatadán a chuirtear ar ceant a mhéadú de bhun an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 28b(2), lena gcuirfear san áireamh anailís ar chostais a ghearradh agus breithniú a dhéanamh ar ailíniú le hearnálacha eile agus ar iomaíochas idir modhanna éagsúla iompair.”;

(3) in Airteagal 3d, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Ba cheart an t-ioncam uile a ghintear ó lamháltais a chur ar ceant a úsáid chun dul i ngleic le hathrú aeráide san Aontas agus i dtríú tíortha, *inter alia*, chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú, chun oiriúnaíocht do thionchar an athraithe aeráide san Aontas agus i dtríú tíortha, go háirithe tíortha i mbéal forbartha, chun taighde agus forbairt ar mhaolú agus oiriúnaíocht a mhaoiniú, ag cur réimse na haerloingseoireachta agus an aeriompair san áireamh go háirithe, chun astaíochtaí a laghdú trí iompar astaíochtaí ísle agus chun costas riaracháin AE ETS a chúlú. Ba cheart an t-ioncam ó cheantálaíocht a úsáid chun tionscadail chomhchoiteanna a mhaoiniú freisin, ar tionscadail iad lena laghdófar astaíochtaí gáis cheaptha teasa ó earnáil na heitlíochta, amhail Comhghnóthas Taighde BAT an Aerspáis Eorpaigh Aonair (SESAR) agus Comhthionscnaimh Teicneolaíochta na Spéire Glaine agus aon tionscnaimh lena gcomasaítear úsáid fhorleathan GNSS le haghaidh na loingseoireachta satailíte agus na gcumas idir-inoibritheach laistigh de na Ballstáit uile, go háirithe na tionscnaimh sin a chuireann feabhas ar an mbonneagar aerloingseoireachta, ar sholáthar seirbhísí aerloingseoireachta agus ar úsáid an aerspáis. Féadfar na fáiltais cheantála a úsáid freisin chun ranníocaíochtaí a mhaoiniú don Chiste Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Fuinnimh Inathnuaite ar fud an Domhain, agus bearta chun dífhoraoisiú a sheachaint. Maidir leis na Ballstáit sin a úsáideann an t-ioncam sin chun taighde agus nuálaíocht a chomhaoiniú i gcás cláir nó tionscnaimh faoin Naou Clár Réime um Thaighde (‘FP9’), tabharfaidh siad aird ar leith ar an méid sin. Tá trédhearcacht i ndáil le húsáid an ioncaim a ghintear ó lamháltais a chur ar ceant faoin Treoir seo bunriachtanach chun go gcomhlíonfar gealltanais an Aontais.

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi bhearta a rinneadh de bhun na chéad fomhíre den mhír seo.”;

(4) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2020, áiríteoidh na Ballstáit go dtabharfaidh oibreoir gach suiteála líon áirithe lamháltais suas, seachas na lamháltais arna n-eisiúint faoi Chaibidil II, arb ionann iad agus na hastaíochtaí iomlána ón tsuiteáil sin sa bhliain féilire roimhe sin mar atá fíoraithe i gcomhréir le hAirteagal 15, agus go ndéanfar na lamháltais sin a chur ar ceal ina dhiaidh sin, agus déanfar an méid sin faoin 30 Aibreán gach bliain. Don tréimhse a thosóidh ón 1 Eanáir 2021 amach, áiríteoidh na Ballstáit go dtabharfaidh oibreoir gach suiteála líon áirithe lamháltais suas, arb ionann iad agus na hastaíochtaí iomlána ón tsuiteáil sin sa bhliain féilire roimhe sin mar atá fíoraithe i gcomhréir le hAirteagal 15 agus go ndéanfar na lamháltais sin a chur ar ceal ina dhiaidh sin, agus déanfar an méid sin faoin 30 Aibreán gach bliain, faoi réir an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 28b.”;

(5) in Airteagal 12, cuirtear an mhír seo a leanas isteach roimh mhír 3a:

“3-a. Nuair is gá agus don fhad is gá chun sláine comhshaoil an AE ETS a chosaint, beidh toirmeasc ar oibreoirí aerárthaí agus ar oibreoirí eile in AE ETS lamháltais a úsáid atá eisithe ag Ballstáit ina bhfuil na hoibleagáidí a bhíonn ar oibreoirí aerárthaí agus ar oibreoirí eile ag dul i léig. Cuimseofar sa ghníomh dlíthúil dá dtagraítear in Airteagal 19 na bearta riachtanacha sna cásanna dá dtagraítear sa mhír seo.”;

(6) leasaítear Airteagal 28a mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

“Maoluithe is infheidhme roimh chur chun feidhme an bhirt de chuid ICAO atá bunaithe ar an margadh domhanda”;

(b) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) agus phointe (b):

“(a) na hastaíochtaí go léir ó eiltí chuig agus ó aeradróim atá suite i dtíortha lasmuigh de LEE i ngach bliain féilire ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2023, faoi réir an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 28b;

(b) na hastaíochtaí go léir ó eitiltí idir aeradróm atá suite i réigiún forimeallach de réir bhrí Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus aeradróm atá suite i réigiún eile de LEE i ndáil le gach bliain féilire ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2023, faoi réir an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 28b.”;

(ii) scriostar pointe (c);

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Maidir le hoibreoírí aerárthaí a bhaineann leas as na maoluithe dá bhforáiltear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo, déanfar, de mhaolú ar Airteagal 3e agus ar Airteagal 3f, líon lámháltas saor a eisiúint dóibh, ar líon é a bheidh laghdaithe i gcomhréir leis an laghdú san oibleagáid chun tabhairt suas dá bhforáiltear sna pointí sin.

De mhaolú ar Airteagal 3f(8), cuirfear lámháltais nach leithdháilfear ón gcúlchiste speisialta ar ceal.

Ón 1 Eanáir 2021 amach, beidh líon na lámháltas a leithdháilfear ar oibreoírí aerárthaí faoi réir chur i bhfeidhm an fhachtóra línigh dá dtagraítear in Airteagal 9, faoi réir an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 28b.

Maidir le gníomhaíocht sa tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2023, foilseoidh na Ballstáit, roimh an 1 Meán Fómhair 2018, an líon lámháltas eitlíochta a leithdháiltear chuig gach oibreoír aerárthaí.”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. De mhaolú ar Airteagal 3d(3), laghdófar an líon lámháltas a bheidh le cur ar ceant ag gach Ballstát i ndáil leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2023 chun comhfhreagairt dá chion astaíochtaí atá curtha i leith eitiltí nach bhfuil faoi réir an mhaolaithe dá bhforáiltear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo.”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. De mhaolú ar Airteagail 3g, 12, 15 agus 18a, maidir le hoibreoírí aerárthaí a bhfuil astaíochtaí bliantúla iomlána is lú ná 25 000 tonna CO₂ aige, nó i gcás ina bhfuil astaíochtaí bliantúla iomlána is lú ná 3 000 tonna CO₂ aige ó eitiltí seachas na cinn dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo, measfar gur astaíochtaí fíoraithe iad a astaíochtaí má chinntear iad trí úsáid a bhaint as an uirlis astaíró beaga a formheasadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 606/2010 ón gCoimisiún (*) agus na sonraí á gcur isteach ag Eurocontrol le sonraí óna shaoráid tacaíochta ETS. Féadfaidh Ballstáit nósanna imeachta simplithe a chur chun feidhme maidir le hoibreoírí aerárthaí neamhthráchtála a fhad is nach soláthraíonn nósanna den sórt sin níos lú cruinnis ná an uirlis astaíró beaga.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 606/2010 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2010 maidir le formheas uirlis simplithe arna forbairt ag an eagraíocht Eorpach um shábháilteacht na haerloingseoireachta (Eurocontrol) chun ídiú breosla oibreoírí aerárthach astaíró beaga áirithe a mheas (IO L 175, 10.7.2010, lch. 25).”;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7. Beidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir le tíortha lena ndéantar comhaontú de bhun Airteagal 25 nó 25a, i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe sin, agus leo siúd amháin.”;

(g) scriostar mír 8;

(7) cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

“Airteagal 28b

An tuairisciú agus an t-athbhreithniú ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an bhirt de chuid ICAO atá bunaithe ar an margadh domhanda

1. Faoin 1 Eanáir 2019, agus go rialta ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn sa chaibidlíocht le ICAO chun an beart atá bunaithe ar an

margadh domhanda a chur chun feidhme, beart atá le cur i bhfeidhm i leith astaíochtaí ó 2021 amach, go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas: (i) na hionstraimí ábhartha de chuid ICAO, lena n-áirítear Caighdeán agus Cleachtais Mholta; (ii) moltaí ICAO arna bhformheas ag an gComhairle agus atá ábhartha maidir leis an mbeart atá bunaithe ar an margadh domhanda; (iii) bunú cláir dhomhanda; (iv) bearta intíre a ghlac tríú tíortha chun an beart atá bunaithe ar an margadh domhanda a chur chun feidhme nuair a chuirfear i bhfeidhm é i leith astaíochtaí ó 2021 amach; (v) na himpleachtaí a bheadh ag forchoimeádais tríú tíortha; agus (vi) aon fhorbairtí idirnáisiúnta ábhartha eile agus ionstraimí ábhartha eile is infheidhme.

I gcomhréir le hathbhreithniú domhanda UNFCCC, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar fáil freisin maidir leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun an sprioc mhianaidhme fhadtéarmach maidir le hastaíochtaí a laghdú, is é sin go ngearrafaí ina leath líon na n-astaíochtaí CO₂ ó earnáil na heitlíochta faoi 2050 le hais a raibh ann sa bhliain 2005.

2. Faoi cheann 12 mhí ón dáta a nglacfaidh ICAO na hionstraimí ábhartha, agus sula mbeidh an beart atá bunaithe ar an margadh domhanda oibríochtúil, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina mbreithneoidh sé bealaí chun na hionstraimí sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais trí leasú a dhéanamh ar an Treoir seo. Déanfaidh an Coimisiún breithniú sa tuarascáil sin freisin ar na rialacha is infheidhme maidir le heitiltí laistigh den LEE, mar is iomchuí. Breithneoidh sé freisin uailmhian agus sláine fhoriomlán comhshaoil an bhirt atá bunaithe ar an margadh, lena n-áirítear an uailmhian ghinearálta a bhaineann leis i ndáil leis na spriocanna faoi Chomhaontú Pháras, i ndáil le leibhéal na rannpháirtíochta, lena infhorghníomhaíocht, leis an trédhearcacht, leis na pionóis do neamh-chomhlíonadh, leis na próisis chun ionchur a fháil ón bpobal, le cáilíocht na creidmheasanna fritháirimh, leis an bhfaireachán, leis an tuairisciú agus leis an bhfíorú a dhéantar ar astaíochtaí, le cláir, le cuntasacht mar aon le rialacha maidir le bithbhreoslaí a úsáid. Ina theannta sin, measfar sa tuarascáil cibé an gá nó nach gá athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha arna nglacadh faoi Airteagal 28c(2).

3. Cuirfidh an Coimisiún togra leis an tuarascáil dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, i gcás inarb iomchuí, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, chun na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 28a a leasú, a scriosadh, a leathnú nó a maoluithe eile a chur ina n-áit, togra atá i gcomhréir le gealltanais uile-gheilleagair laghdaithe ghás ceaptha teasa an Aontais le haghaidh 2030, leis an sprioc go gcaomhnófar sláine comhshaoil agus éifeachtacht ghníomhaíocht aeráide an Aontais.

Airteagal 28c

Forálacha maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh chun críche an bhirt atá bunaithe ar an margadh domhanda

1. Glacfaidh an Coimisiún forálacha maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú iomchuí a dhéanamh ar astaíochtaí chun an beart de chuid ICAO atá bunaithe ar an margadh domhanda a chur chun feidhme ar gach aerbhealach a chumhdaíonn sé. Bunófar na forálacha sin ar ionstraimí ábhartha a ghlactar in ICAO, seachnófar leo aon saobhadh ar an iomaíochas, beidh siad comhsheasmhach leis na prionsabail atá sa Rialachán dá dtagraítear in Airteagal 14(1), agus áiríteofar leis go ndéanfar na tuarascálacha astaíochtaí a thíolactar a fhíorú i gcomhréir leis na prionsabail agus na critéir maidir le fíorú dá dtagraítear in Airteagal 15.

2. Glacfar na forálacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14 agus in Airteagal 15.”;

(8) in Airteagal 30, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“5. Roimh an 1 Eanáir 2020, cuirfidh an Coimisiún anailís nuashonraithe i láthair ar éifeachtaí na heitlíochta nach éifeachtaí a bhaineann le CO₂ iad, lena ngabhfaidh, i gcás inarb iomchuí, togra maidir leis an mbealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí sin.”;

(9) i bpointe (k) d'Iarscríbhinn I, cuirtear “2030” in ionad na bliana “2020”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 13 Nollaig 2017.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. MAASIKAS

RIALACHÁN (AE) 2017/2393 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE**an 13 Nollaig 2017**

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, (AE) Uimh. 1307/2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chombheartais talmhaíochta, (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margái i dtáirgí talmhaíochta agus (AE) Uimh. 652/2014 lena leagtar síos forálacha maidir le bainistiú caiteachais i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, agus i ndáil le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42, Airteagal 43(2) agus pointe (b) d'Airteagal 168(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí ⁽¹⁾

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽²⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽³⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽⁴⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil agus cur chun feidhme comhchuibhithe agus neamh-idirdhealaitheach na tacaíochta d'fheirmeoirí óga a áirithiú, tá sé riachtanach a fhoráil gurb amhlaidh, i gcomhthéacs forbairt tuaithe, go gciallaíonn “dáta an bhunaithe”, dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ agus i rialacha ábhartha eile, an dáta a ndéanann nó a dtugann an t-iarratasóir chun críche gníomhaíocht a bhaineann leis an mbunú sin den chéad uair agus tá sé riachtanach a fhoráil freisin go dtíolaífar an t-iarratas ar thacaíocht ar a dhéanaí 24 mhí tar éis an dáta sin. Ina theannta sin, is léir ón taithí a fuarthas le linn idirbheartaíochta a dhéanamh ar na cláir gur cheart soiléiriú a thabhairt ar na rialacha maidir le comhbhunú feirmeoirí óga agus maidir leis na tairseacha maidir le rochtain ar thacaíocht a cheanglaítear faoi Airteagal 19(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, agus gur cheart forálacha maidir le tréimhse an phlean ghnó a chuíchóiriú freisin.
- (2) D'fhonn éascú a dhéanamh ar chur chun feidhme sheirbhísí comhairle agus oiliúna Údaráis Bhainistíochta na mBallstát, ba cheart stádas a bhronnadh ar na húdaráis sin mar thairbhíthe faoin mbeart sin, agus ba cheart a áirithiú ag an am céanna gur comhlacht a bheidh neamhspleách ó thaobh feidhme de ar na húdaráis sin a dhéanfaidh soláthróir na seirbhíse a roghnú agus gur ar leibhéal an tsoláthraí comhairle nó oiliúna a dhéanfar seiceálacha.
- (3) D'fhonn an rannpháirtíocht i scéimeanna cáilíochta a dhreasú, ba cheart d'fheirmeoirí nó do ghrúpaí feirmeoirí a ghlacann páirt i scéimeanna den sórt sin sna 5 bliana roimh an iarratas ar thacaíocht a bheith incháilithe ar feadh uastréimhse dar fad 5 bliana, agus aird chuí á tabhairt ag an am céanna ar an uair a bhí siad rannpháirteach sa scéim den chéad uair.

⁽¹⁾ IO C 91, 23.3.2017, lch. 1.

⁽²⁾ IO C 75, 10.3.2017, lch. 63.

⁽³⁾ IO C 306, 15.9.2017, lch. 64.

⁽⁴⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2017 [(IO)] [(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)] agus cinneadh ón gComhairle an 12 Nollaig 2017.

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

- (4) D'fhonn bheith sách tarraingteach don earnáil phríobháideach, tá sé bunriachtanach go ndéanfaí ionstraimí airgeadais a cheapadh agus a chur chun feidhme ar mhodh solúbtha agus trédhearcach. I bhfianaise na taithí a fuarthas, áfach, is amhlaidh gur le rialacha incháilitheachta áirithe atá beartsonrach a chuirtear teorainn leis an nglacadh le hionstraimí airgeadais sna cláir forbartha tuaithe agus a chuirtear bac ar bhainisteoirí ciste úsáid sholúbtha a bhaint as ionstraimí airgeadais. Dá bhrí sin, is iomchuí a fhoráil nach mbeidh feidhm ag rialacha incháilitheachta áirithe atá beartsonrach maidir le hionstraimí airgeadais. Ar an gcúis chéanna sin, is iomchuí freisin a fhoráil go bhféadfar cabhair nuathionscanta d'fheirmeoirí óga faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a sholáthar i bhfoirm ionstraimí airgeadais. Ag féachaint do na hathruithe sin, ba cheart a fhoráil gurb amhlaidh, i gcásanna ina ndéanfaítear tacaíocht d'infheistíochtaí faoi Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 i bhfoirm ionstraimí airgeadais, nach mór don infheistíocht rannchuidiú le ceann amháin nó níos mó de thosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe.
- (5) D'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú i ndáil le cur chun feidhme an phrionsabail nach ndéanfar aon chistiú dúbailte i ndáil le glasú, ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit meán-asbhaint sheasta a chur i bhfeidhm i gcás gach tairbhí lena mbaineann a bhíonn i mbun na hoibríochta nó an fhobhearta atá i gceist.
- (6) Bíonn níos mó rioscaí eacnamaíocha ag bagairt ar fheirmeoirí sa lá atá inniu ann de bharr forbairtí sa mhargadh. Ní théann na rioscaí eacnamaíocha sin i bhfeidhm ar gach earnáil talmhaíochta ar an mbealach céanna, áfach. Dá dhroim sin, ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, cabhair a thabhairt d'fheirmeoirí trí uirlis earnáilsonrach cobhsaithe ioncaim a sholáthar, go háirithe i gcás earnálacha atá buailte le titim ghéar ioncaim a d'imreodh tionchar suntasach eacnamaíoch ar limistéar tuaithe sonrach, ar an gcoinníoll go sáraíonn an titim san ioncam tairseach de 20 % ar a laghad. D'fhonn a áirithiú go mbeidh an uirlis earnáilsonrach cobhsaithe ioncaim éifeachtach agus go gcuirtear in oiriúint í do chúinsí sonracha na mBallstát, ba cheart go mbeadh sé indéanta acu sainiú a dhéanamh, ina gcuid clár forbartha tuaithe, ar an ioncam nach mór a chur san áireamh chun an uirlis a ghníomhachtú, ar bhealach solúbtha. Ag an am céanna, agus d'fhonn úsáid árachais a chur chun cinn i measc feirmeoirí, is ceart an tairseach is infheidhme d'árachas maidir le titim na táirgeachta a laghdú go 20 %. Ina theannta sin, d'fhonn faireachán a dhéanamh ar an gcaiteachas leis an uirlis earnáilsonrach cobhsaithe ioncaim agus leis an árachas, ba cheart a bhfuil i bplean airgeadais an chláir a oiriúint.
- (7) Maidir leis an gceanglas tuairiscithe sonrach don bheart bainistithe riosca sa bhliain 2018 dá dtagraítear in Airteagal 36(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, cumhdaítear é sin cheana féin leis an tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le faireachán agus le meastóireacht a dhéanamh ar an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) dá dtagraítear in Airteagal 110(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾. Dá bhrí sin, ba cheart an dara fomhír d'Airteagal 36(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a scriosadh.
- (8) Maidir le cistí frithpháirteacha d'fheirmeoirí gach earnála, is cosúil gur bac ar fheidhmiú éifeachtach na gcistí sin an toirmeasc ar aon ranníocaíocht a dhéanamh as cistí poiblí i leith stoc caipitil tosaigh a leagtar síos in Airteagal 38(3) agus in Airteagal 39(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013. Ba cheart, dá bhrí sin, an toirmeasc sin a scriosadh. Is iomchuí freisin leathnú a dhéanamh ar na réimsí sin is féidir a chumhdach le ranníocaíochtaí airgeadais le cistí frithpháirteacha, ionas gur féidir le ranníocaíochtaí a bheith ina bhforlónadh ar na híocaíochtaí bliantúla a théann isteach sna cistí, agus baint a bheith acu freisin lena stoc caipitil tosaigh.
- (9) I dtaca le tacaíocht d'infheistíochtaí le haghaidh athshlánú a dhéanamh ar an acmhainneacht táirgeachta tar éis tubaistí nádúrtha agus teagmhais thurraingeacha faoi phointe (b) d'Airteagal 18(1) agus faoi phointe (d) d'Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, is iondúil go ndéanfaítear a leithéid do gach iarratasóir incháilithe. Dá bhrí sin, níor cheart oibleagáid a bheith ar na Ballstáit critéir roghnúcháin a shainiú le haghaidh oibríochtaí athshlánaithe. Thairis sin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit modhanna malartacha roghnúcháin a shainiú nuair a fhágann cineál na n-oibríochtaí nach féidir critéir roghnúcháin a shainiú.
- (10) Sainítear in Airteagal 59 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 na huasrátaí ranníocaíochta ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). D'fhonn an brú a mhaolú ar bhuiséad náisiúnta cuid de na Ballstáit agus d'fhonn infheistíochtaí a bhfuil géarghá leo sa Chipir a bhrostú, ba cheart síneadh a chur leis an uasráta ranníocaíochta 100 % dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 59(4) den Rialachán sin go dtí go gcríochnófar an

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 352/78, Rialachán (CE) Uimh. 165/94, Rialachán (CE) Uimh. 2799/98, Rialachán (CE) Uimh. 814/2000, Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

clár. Ina theannta sin, ba cheart tagairt a dhéanamh in Airteagal 59(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 don ráta ranniocaíochta sonracha a tugadh isteach i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ le haghaidh na hionstraimhe airgeadais nua dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 38(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

- (11) De bhun Airteagal 60(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, i gcásanna ina bhfuil bearta éigeandála i gceist de bharr tubaistí nádúrtha, féadfaidh incháilitheacht an chaiteachais a bhaineann le hathruithe ar an gclár tosú ón dáta ar tharla an tubaiste nádúrtha. I dtaca leis an bhféidearthacht sin caiteachas a rinneadh sular cuireadh isteach leasú ar an gclár a mheas mar chaiteachas incháilithe, ba cheart í a leathnú chuig cúinsí eile freisin, amhail teagmhais thurraingeacha nó athrú suntasach tobann i ndálaí socheacnamaíocha an Bhallstáit nó an réigiúin.
- (12) De bhun an dara fohmhir d'Airteagal 60(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, i dtaca le hinfheistíochtaí in earnáil na talmhaíochta, ní bheidh incháilithe ach caiteachas arna thabhtú tar éis iarratas a chur isteach. I gcásanna, áfach, ina mbaineann an infheistíocht le bearta éigeandála de bharr tubaistí nádúrtha, teagmhais thurraingeacha nó teagmhais dhíobhálacha aeráide nó de bharr athrú suntasach tobann i ndálaí socheacnamaíocha an Bhallstáit nó an réigiúin, ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit a fhoráil ina gcuid clár gurb incháilithe a bheidh caiteachas arna thabhtú tar éis an teagmhais, d'fhonn a bhfreagairt sholúbtha, thráthúil ar theagmhais den sórt sin a áirithiú. D'fhonn tacaíocht éifeachtúil a chur ar fáil d'oibríochtaí éigeandála arna ngabháil de láimh ag na Ballstáit mar fhreagairt ar theagmhais a tharla le roinnt blianta anuas, ba cheart feidhm a bheith ag an deis sin ón 1 Eanáir 2016.
- (13) D'fhonn méadú a dhéanamh ar úsáid na roghanna costais shimplithe dá dtagraítear i bpointe (b) go pointe (d) d'Airteagal 67(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, ní mór teorainn a chur leis na rialacha a bhaineann go sonracha le CETFT a leagtar síos in Airteagal 62(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 maidir le cúnaimh arna dheonú i gcomhréir le pointe (a) agus le pointe (b) d'Airteagal 21(1), a bhaineann le hioncam tarscaoilte agus le costais chothabhála, agus i gcomhréir le hAirteagal 28 go hAirteagal 31, le hAirteagal 33 agus le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.
- (14) Ceanglaítear le hAirteagal 74 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ar na Ballstáit dul i gcomhairle le Coiste Faireacháin an chláir forbartha tuaithe maidir leis na critéir roghnúcháin laistigh de thréimhse 4mhí ó fhorghnóthas an chláir. Cuireann an méid sin oibleagáid indíreach ar na Ballstáit na critéir roghnúcháin uile a bheith sainithe acu faoin dáta sin, fiú amháin i gcás na nglaoanna ar iarratais a sheolfar ina dhiaidh sin. D'fhonn an t-ualach riaracháin neamhriachtanach a laghdú, agus a áirithiú ag an am céanna go n-úsáidfeair acmhainní airgeadais ar an mbealach is fearr is féidir, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit na critéir roghnúcháin a shainiú agus tuairim ón gCoiste Faireacháin a iarraidh tráth ar bith roimh fhoilsiú na nglaoanna ar iarratais.
- (15) D'fhonn cur leis an úsáid a bhaintear as árachas barr, ainmhithe agus plandaí, agus as cistí frithpháirteacha agus as uirlis cobhsaithe ioncaim, ba cheart céatadán uasta na tacaíochta poiblí tosaigh a ardú ó 65 % go 70 %.
- (16) Baintear úsáid as an smacht airgeadais chun a áirithiú go gcloíonn an buiséad don Chiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) leis na huasteorainneacha bliantúla faoi seach den chreat airgeadais ilbhliantúil agus chun an cúlchiste le haghaidh géarchéimeanna in earnáil na talmhaíochta a bhunú. I bhfianaise a theicniúla a shocraítear an ráta coigeartaithe d'íocaíochtaí díreacha agus i bhfianaise an naisc nádúrtha atá aige le meastacháin chaiteachais an Choimisiúin a leagtar amach ina dhréachtbhuiséad bliantúil, ba cheart simpliú a dhéanamh ar an nós imeachta le haghaidh an ráta coigeartaithe a shocrú trí údarás a thabhairt don Choimisiún é a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach.
- (17) D'fhonn na rialacha maidir le saoradh uathoibríoch a leagtar amach in Airteagal 87 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus in Airteagal 38 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a chomhchuihbhiú, ba cheart oiriúnú a dhéanamh ar an dáta faoinar gá do na Ballstáit faisnéis faoi eisceachtaí ón saoradh, dá dtagraítear in Airteagal 38(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, a sheoladh chuig an gCoimisiún.
- (18) D'fhonn foráil a dhéanamh don tsoiléireacht dhlíthiúil maidir leis an dóigh a gcaithfeair le gnóthuithe arna nginiúint as na laghduithe sealadacha faoi Airteagal 41(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ba cheart an ceann deireanach sin a chur ar áireamh sa liosta d'fhoinsí an ioncaim shannta faoi Airteagal 43 den Rialachán sin.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

- (19) Ar mhaithe leis an simpliú riaracháin, is iomchuí méadú ó EUR 150 go EUR 250 a dhéanamh ar an tairseach faoina bhféadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan dul sa tóir ar aisghabháil íocaíochtaí neamhdhlite ar an gcoinníoll go gcuireann an Ballstát tairseach is cothrom leis sin nó is airde ná sin i bhfeidhm i dtaca le gan dul sa tóir ar fhiacha náisiúnta.
- (20) Maidir le diúltú d'íocaíochtaí nó aisghabháil íocaíochtaí mar thoradh ar neamh-chomhlíonadh rialacha soláthair phoiblí, is iomchuí a áirithiú go léiríonn siad tromchúis an neamh-chomhlíonta sin agus go n-urramaíonn siad prionsabal na comhréireachta, mar a chuirtear in iúl, mar shampla, sna treoirlínte ábhartha arna mbunú ag an gCoimisiún le haghaidh ceartuithe airgeadais a dhéanfar ar chaiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas faoi bhainistíocht roinnte i gcás neamh-chomhlíonadh na rialacha sin. Is iomchuí freisin a shoiléiriú gur faoin méid suas go dtí an leibhéal den chuid sin den chabhair nach mbeidh le híoc nó a bheidh le tarraingt siar, agus faoin méid sin amháin, a dhéanann neamh-chomhlíonadh den sórt sin difear do dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart.
- (21) D'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú d'fheirmeoirí beaga, ba cheart maolú breise a thabhairt isteach, lena ndíolmhófaí feirmeoirí beaga ó dháileachtaí nach ndéantar iarratas ar íocaíocht orthu a fhógairt.
- (22) Ag féachaint do na deacrachtaí praiticiúla sonracha a eascraíonn as comhchuibhiú na sprioc-amanna íocaíochta le haghaidh íocaíochtaí a bhaineann le limistéar idir an CERT agus an CETFT, ba cheart fad bliana a chur leis an idirthréimhse. Mar sin féin, i dtaca le bearta forbartha tuaithe a bhaineann le limistéar, ba cheart an fhéidearthacht maidir le réamhíocaíochtaí a dhéanamh roimh an 16 Deireadh Fómhair a choinneáil ar bun d'fhonn sreabhadh airgid na bhfeirmeoirí a choinneáil slán.
- (23) D'fhonn aitheantas a thabhairt d'éagsúlacht na gcóras talmhaíochta atá san Aontas, is iomchuí cead a thabhairt do na Ballstáit talamh nár cuireadh faoin gcéachta, ar ábhartha é i dtaca leis an ngné agranamaíoch agus chomhshaoil, a mheas mar chritéar a úsáidfead chun féarthailte buana a rangú.
- (24) Mar sin féin, is féidir beatha ainmhithe a tháirgeadh as toir nó as crainn áirithe nach ndéanann ainmhithe iad a innilt go díreach. Ba cheart an cead a thabhairt do na Ballstáit na toir nó na crainn sin a áireamh i bhféarthailte buana i gcás inarb iad féara agus foráiste luibheach eile sin a fhanann ceannasach, i gcuid dá gcríoch nó ina gcríoch go léir.
- (25) D'fhonn soiléiriú a dhéanamh ar rangú na talún a fhágtar bán mar thalamh arúil sa tréimhse roimh 2018, i gcás inar fágadh bán é le 5 bliana nó níos mó, agus d'fhonn cinnteacht a thabhairt do na feirmeoirí lena mbaineann, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann rangú na talún sin mar thalamh arúil a choinneáil in 2018.
- (26) I dtaca le talamh in-innilte nach mbíonn féara agus foráiste luibheach eile ceannasach air nó i gcás nach ann dóibh, agus nach bhfuil na cleachtais innilte traidisiúnta ná tábhachtach ó thaobh biotóip agus gnáthoga a chaomhnú, is féidir leis sin a bheith ábhartha ó thaobh innilte i réimsí áirithe. Ba cheart an cead a thabhairt do na Ballstáit na limistéir sin a mheas mar fhéarach buan i gcuid dá gcríoch nó ina gcríoch go léir.
- (27) Tá sé léirithe ag an taithí a fuarthas sna chéad bhlianta inar cuireadh chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ nár bhain Ballstáit áirithe a bhí ag cur na scéime íocaíochta aonair limistéir i bhfeidhm úsáid as méid iomlán na gcistí a bhí ar fáil faoi na huasteorainneacha buiséadacha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/1089 ón gCoimisiún ⁽²⁾. Maidir leis na Ballstáit atá ag cur scéim na híocaíochta bunúsáí i bhfeidhm, tá siad in ann cheana féin, faoi réir teorainneacha áirithe, teidlíochtaí íocaíochta a dháileadh ar luach is airde ná an méid atá ar fáil dá scéim íocaíochta bunúsáí chun a áirithiú go n-úsáidtear cistí ar bhealach níos éifeachtúla. Ba cheart cead a thabhairt freisin do na Ballstáit atá ag cur na scéime íocaíochta aonair limistéir i bhfeidhm, faoi réir na dteorainneacha comhchoiteanna céanna agus gan dochar d'urramú na nglan-uasteorainneacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha, ríomh a dhéanamh ar an méid riachtanach faoina bhféadfar a n-uasteorainn faoin scéim íocaíochta aonair limistéir a mhéadú.
- (28) Tá Ballstáit áirithe ann a gcláraítear feirmeoirí ó thaobh a gcuid gníomhaíochtaí talmhaíochta i gcláir fhioscacha nó i gcláir slándála sóisialta. Ba cheart do na Ballstáit sin a bheith in ann feirmeoirí nach bhfuil cláraithe dá réir sin a eisiáimh ionas nach measfar iad a bheith incháilithe le haghaidh íocaíochtaí díreacha.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347 20.12.2013, lch. 608).

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1089 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2015 lena mbunaítear uasteorainneacha buiséadacha do 2015 is infheidhme maidir le scéimeanna tacaíochta díri áirithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena socrófar an méid don chúlchiste speisialta don Chróit leis an talamh a ghlánadh de mhianaigh talún (IO L 176, 7.7.2015, lch. 29).

- (29) Toisc gur léiríodh an taithí a fuarthas san am a caitheadh gur deonaíodh tacaíocht i roinnt cásanna do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha nach dírithe ar ghníomhaíocht talmhaíochta a bhí a gcuspóir gnó, nó nach raibh ag an gcuspóir sin ach ceangal fánach le gníomhaíocht talmhaíochta, tugadh isteach, le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, clásal an fheirmeora ghníomhaigh. Dá bhun, tá na Ballstáit le staonadh ó íocaíochtaí díreacha a dheonú do dhaoine áirithe seachas i gcás inar féidir leis na daoine sin a léiriú nach gníomhaíocht talmhaíochta fhánach a bhíonn ar siúl acu. Mar sin féin, is léir ón taithí ina dhiaidh sin go bhfuil deacrachtaí ag roinnt mhaith de na Ballstáit na trí chritéar a liostaítear sa tríú fómhír d'Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a chur chun feidhme, ar critéir iad nach mór a chomhlíonadh chun go measfar feirmeoir mar fheirmeoir gníomhach. D'fhonn an t-ualach riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme na dtrí chritéar a laghdú, ba cheart do na Ballstáit an deis a bheith acu a chinneadh nach gcuirtear ach ceann amháin nó dhá cheann díobh ar fáil le léiriú gur feirmeoir gníomhach é an duine.
- (30) Anuas air sin, is é an taithí atá ag roinnt de na Ballstáit gur lú de bhuntáiste dóibh na deacrachtaí agus costais riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme na gcodanna a bhaineann le liosta na ngníomhaíochtaí nó na ngnólachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, ná líon an-teoranta de thairbhíthe neamhghníomhacha a eisiáimh as na scéimeanna tacaíochta díri. I gcás ina measann Ballstát gurb amhlaidh dó féin, ba cheart cead a bheith aige scor d'Airteagal 9 de a chur i bhfeidhm i dtaca le liosta na ngníomhaíochtaí nó na ngnólachtaí.
- (31) Is iomchuí a léiriú go follasach go gceadaítear, le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, do na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar a gcinntí maidir le laghdú a dhéanamh ar an gcuid den íocaíocht bhunúsach a sháraíonn EUR 150 000 agus a bheidh le deonú ar fheirmeoirí, ar choinníoll nach é a thíocfaidh as athbhreithniú den sórt sin laghdú ar na méideanna a bhíonn ar fáil don fhorbairt tuaithe.
- (32) D'fhonn a cheadú do na Ballstáit tacaíocht faoi CBT a oiriúnú dá sainriachtanais féin, ba cheart deiseanna iomchuí a thabhairt dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh atá déanta acu maidir le cistí a aistriú ó uasteorainn na n-íocaíochtaí díreacha acu chuig an gclár forbartha tuaithe agus *vice versa*. Ba cheart, dá bhrí sin, an deis a thabhairt dóibh freisin athbhreithniú a dhéanamh ar a gcinneadh le héifeacht ón mbliain féilire 2019 amach, ar an gcoinníoll nach mbeidh aon íslíú ar na méideanna a shanntar don fhorbairt tuaithe i gceist le haon chinneadh den sórt sin.
- (33) De bhreis ar an úsáid a bhaint as laghdú líneach ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta faoi scéim na híocaíochta bunúsaí chun cúlchistí náisiúnta nó réigiúnacha a athlíonadh chun rannpháirtíocht feirmeoirí óga a éascú mar aon le rannpháirtíocht feirmeoirí a mbeidh tús á chur lena ngníomhaíocht talmhaíochta acu sa scéim tacaíochta, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit freisin úsáid a bhaint as an sásra céanna chun maoiniú a dhéanamh ar na bearta a ghlactar chun cosc a chur ar thalamh a thréigean agus chun feirmeoirí a chúiteamh as míbhuntáistí sonracha.
- (34) Chun an chomhsheasmhacht a shimpliú agus a fheabhsú i dtaca leis na rialacha is infheidhme maidir le bearta i ndáil le glasú, i gcás na díolúine ón oibleagáid maidir leis an limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht a bheidh infheidhme do ghabháiltais nach saothraítear orthu ach barra léagúmacha nó barra léagúmacha maille le féara nó foráiste luibheach eile, nó i gcás inar talamh bán níos mó ná 75 % den talamh arúil de bhun phointe (a) d'Airteagal 46(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, ba cheart an díolúine sin a leathnú ionas go gcuimseofar inti an oibleagáid maidir le héagsúlú barr.
- (35) D'fhonn an chomhsheasmhacht a áirithiú i dtaca leis an gcaoi a meastar barra áirithe de chineálacha éagsúla, i ngeall ar an sciar mór a bhíonn i gceist leo i réimsí áirithe, ba cheart, i dtaca leis an gceanglas um éagsúlú barr, síneadh a chur leis an tsolúbthacht i dtaca le cur i bhfeidhm na rialacha um éagsúlú barr faoi Airteagal 44(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ar feadh sciar nach suaill den bhliain nó ar feadh sciar nach suaill dá dtimthriall ionas go gcuimseofar sna rialacha sin saothrú barr faoi uisce.
- (36) D'fhonn cuíchóiriú a dhéanamh ar na díolúintí atá ann cheana ón oibleagáid maidir le héagsúlú barr a leagtar amach in i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, is infheidhme maidir le talamh a úsáidtear den chuid is mó chun féar nó foráiste luibheach eile a tháirgeadh, nó chun barra léagúmacha a shaothrú nó chun barra faoi uisce a shaothrú, nó ar talamh bán den chuid is mó é nó féarthalamh buan, agus ionas go mbeadh an chóir chéanna le fáil ag gach feirmeoir darb ionann an limistéar talún acu, ní ceart feasta don uasteorainn 30 heictéar i gcás talamh a úsáidtear a bheith infheidhme.
- (37) D'fhonn an tsainiúlacht agranamaíoch a bhaineann le *Triticum spelta* a chur san áireamh, ba cheart é a mheas mar bharr ar leith chun críocha Airteagal 44 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

- (38) D'fhonn cuíchóiriú a dhéanamh ar na díolúintí atá ann cheana ón oibleagáid maidir leis an limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht, a leagtar amach i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 46(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, agus is infheidhme do thalamh a úsáidtear den chuid is mó chun féar nó foráiste luibheach eile a tháirgeadh, chun barra léagúmacha a shaothrú nó chun barra faoi uisce a shaothrú, nó ar talamh bán den chuid is mó é nó féarthalamh buan, níor cheart feidhm a bheith feasta ag na coinníollacha a bhaineann leis an uasteorainn 30 heictéar i gcás talamh arúil.
- (39) Ó thaobh na bithéagsúlachta de, ó tharla go bhféadfaí sochair indíreacha chomhshaoil a bhaint as barra buana áirithe, ba cheart *Miscanthus* agus *Silphium perfoliatum* a chur leis an liosta de na cineálacha limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht a leagtar amach in Airteagal 46 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013. Ó tharla go bhféadfadh cineál an fhásra dea-thionchar a imirt ar an rannchion bithéagsúlachta a bhaineann le talamh a fhágtar bán, ba cheart aitheantas mar limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht a thabhairt do thalamh den chineál sin a fhágtar bán ionas go bhféadfaí plandaí milmheara air. Dá dhroim sin, ba cheart fachtóirí ualaithe a bhunú do *Miscanthus*, do *Silphium perfoliatum* agus do thalamh a fhágtar bán ionas go bhféadfaí plandaí milmheara air. Ba cheart na fachtóirí ualaithe sin a bhunú ar bhealach a léiríonn a dtábhacht don bithéagsúlacht. Má táthar le breis cineálacha limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht a thabhairt isteach, ní mór na fachtóirí ualaithe atá ann cheana maidir le limistéar ina bhfásann barra fosaithe nítrigine agus maidir le limistéar ina bhfuil garráin ghearruainíochta a chur in oiriúint ionas go léireofaí an chothromaíocht nua idir gach cineál limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht.
- (40) Léirítear leis an taithí a fuarthas agus an scéim tacaíochta d'fheirmeoirí óga á cur i bhfeidhm faoi Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 nach féidir leis na feirmeoirí óga, i gcásanna áirithe, tairbhe a bhaint as 5 bliana iomlána na tacaíochta. Cé go bhfuil an tacaíocht sin fós dírithe ar ghníomhaíocht eacnamaíoch nua ag daoine óga agus iad ag dul i mbun gníomhaíochtaí feirmeoireachta den chéad uair, ba cheart do na Ballstáit rochtain na bhfeirmeoirí óga sin ar iomlán na n-íocaíochtaí ar feadh na 5 bliana a éascú freisin i gcásanna nach ndearna na feirmeoirí óga sin iarratas láithreach bonn ar thacaíocht tar éis dóibh bunú.
- (41) Measann roinnt de na Ballstáit nach leor an íocaíocht a chuirtear ar fáil d'fheirmeoirí óga faoi Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 chun dul i ngleic mar is ceart leis na dúshlán airgeadais a chastar orthu agus iad ag dul i mbun feirmeoireachta den chéad uair agus a bhaineann leis an gcoigeartú struchtúrach ar ghabháil talmaíochta arna mbunú ag feirmeoirí óga. D'fhonn tuilleadh feabhais a chur ar na deiseanna a bheidh ann d'fheirmeoirí óga a bheith rannpháirteach i gcúrsaí feirmeoireachta, ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit a chinneadh go méadófar an céatadán — idir 25 % agus 50 % — a chuirtear i bhfeidhm agus ríomh á dhéanamh ar an íocaíocht d'fheirmeoirí óga agus sin a bheith beag beann ar an modh ríomha a chuirtear i bhfeidhm. Ba cheart an cinneadh sin a bheith gan dochar don teorainn 2 % atá lena n-uasmhéid náisiúnta i dtaca leis na híocaíochtaí díreacha lena maoinítear íocaíochtaí d'fheirmeoirí óga.
- (42) D'fhonn cur leis an tsoiléireacht maidir le freagracht na mBallstáit fad a bhaineann leis an gcaoi a ndéanann an tacaíocht chúpláilte dheonach an táirgeadh a theorannú, is iomchuí Airteagal 52(5) agus (6) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a athfhoirmlíú. De bhrí gur léiriú atá san athfhoirmlíú ar an gcleachtas atá i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2015 i dtaca leis na forálacha lena mbaineann, is iomchuí go mbeadh feidhm aige ón mbliain éilimh 2015 i leith.
- (43) D'fhonn an chomhsheasmhacht is mó is féidir a áirithiú i measc na scéimeanna sin de chuid an Aontais a spriocdhírítear ar earnálacha ar dá saintréithe, i gcásanna áirithe, míchothromaíochtaí margaidh struchtúrtha, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena gceadófar do na Ballstáit a chinneadh gur féidir leanúint den tacaíocht chúpláilte dheonach a íoc go dtí 2020 ar bhonn na n-aonad táirgthe dar deonaíodh an tacaíocht sin i dtéarmaí thagartha roimhe sin.
- (44) D'fhonn an tsolúbthacht a fheabhsú maidir le tacaíocht chúpláilte dheonach, ba cheart a cheadú do na Ballstáit athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar a gcuid cinní tacaíochta ón mbliain éilimh 2019 amach.
- (45) Is cosúil go bhfuil an easpa iontaobhe frithpháirtí agus eispéiris roimhe seo ar na baic is mó ar bhunú na n-eagraíochtaí táirgeoirí, go háirithe sna Ballstáit atá ag titim ar gcúl ó thaobh eagrúcháin de. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí an bac sin a fhritháireamh trí úsáid a bhaint as oiliúint ina ngníomhóidh eagraíochtaí táirgeoirí atá i mbun feidhme mar eiseamláir d'eagraíochtaí táirgeoirí eile, do ghrúpaí táirgeoirí nó do tháirgeoirí aonair torthaí agus glasraí agus ba cheart, dá bhrí sin, an oiliúint sin a chur ar áireamh i gcuspóirí na n-eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí.
- (46) Anuas ar tharraingtí siar i dtaca le dáileadh saor, is iomchuí freisin tacaíocht airgeadais a sholáthar do ghníomhaíochtaí oiliúna arb é is aidhm dóibh táirgeoirí a spreagadh chun eagraíochtaí a bhunú a chomhlíonann na critéir chun go n-aithneofaí iad d'fhonn tairbhe a bhaint as maoiniú iomlán ón Aontas laistigh de chlár oibríochtaí na n-eagraíochtaí táirgeoirí atá ann cheana.

- (47) Ba cheart síneadh a chur le bearta coiscthe agus bainistithe géarchéime ionas go gcuimseofar iontu athlíonadh ar chistí frithpháirteacha lena bhféadfaí, ó tharla gur uirlisí nua a bheadh iontu, géarchéimeanna nua a chomhrac, agus go gcuimseofar iontu chomh maith an cur chun cinn agus an chumarsáid ar mhaithe le margaí na dtorthaí agus na nglasraí a éagsúlú agus a chomhdhlúthú.
- (48) D'fhonn simpliú a dhéanamh ar an nós imeachta reatha trína dtugtar údarás do na Ballstáit ar an gcéad dul síos cúnaimh airgeadais náisiúnta breise a dheonú d'eagraíochtaí táirgeoirí i réigiúin den Aontas ina bhfuil méid an eagrúcháin an-íseal agus trína n-aisíoctar cuid den chúnaimh airgeadais náisiúnta ar an dara dul síos má chomhlíontar coinníollacha breise, ba cheart córas nua a bhunú do na Ballstáit sin ina bhfuil méid an eagrúcháin go mór faoi bhun mheán an Aontais. D'fhonn aistriú réidh a áirithiú idir an nós imeachta reatha agus an córas nua, ba cheart a fhoráil d'idirthrémhse bliana. Ba cheart, dá bhrí sin, an córas nua a bheith infheidhme amhail ón 1 Eanáir 2019.
- (49) I dtaca le biotáille fhíona a bhfuil tásca geografach aici, d'fhonn a áirithiú go ndéantar í a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le míleithreasú clú, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit na rialacha maidir le húdaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha atá oiriúnach do tháirgeadh fíonta a bhfuil tásca geografach acu a chur i bhfeidhm i gcás fíonta atá oiriúnach do tháirgeadh fíonta a bhfuil tásca geografach acu.
- (50) Dá n-úsáidfí conarthaí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, d'fhéadfadh sin a bheith ina chuidiú le freagracht na n-oibreoirí a threisiú agus lena bhfeasacht a mhéadú maidir leis an ngá atá ann go gcuirfí comharthaí an mhargaidh san áireamh ar shlí níos fearr, go bhfeabhsófaí tarchur praghsanna, agus go gcuirfí an soláthar in oiriúint don éileamh, mar aon le cleachtais tráchtála mhíchothroma áirithe a sheachaint. Le húsáid chonarthaí den chineál sin a dhreasú in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne agus in earnálacha nach iad, ba chóir an ceart a thabhairt do tháirgeoirí, d'eagraíochtaí na dtáirgeoirí nó do chomhlachais de na heagraíochtaí sin conradh scríofa a iarraidh fiú mura bhfuil a leithéid éigeantach sa Bhallstát lena mbaineann.
- (51) I dtaca leo siúd is páirtithe i gconradh maidir le bainne amh a sheachadadh, bíodh is go bhfuil sé de chead acu eilimintí an chonartha sin a chaibidil, táthar tar éis a cheadú do Bhallstáit ina bhfuil conarthaí den chineál sin éigeantach clásail áirithe a chur sna conarthaí, go háirithe i dtaca le fad an chonartha. D'fhonn a chur ar chumas na bpáirtithe an tsoiléireacht chonarthaigh a bhaint amach eatarthu maidir leis na cainníochtaí a sheachadfar agus lena bpraghas, ba cheart é a bheith de cheart freisin ag na Ballstáit oibleagáid a fhorchur ar na páirtithe coibhneas a chomhaontú idir cainníocht arna seachadadh agus an praghas is iníoctha ina leith.
- (52) Is féidir ról fíonta a bheith ag eagraíochtaí táirgeoirí agus ag a gcomhlachais leis an soláthar a chomhchruinniú agus maidir le margaíocht agus pleanáil a fheabhsú, le táirgeacht a oiriúnú don éileamh, le barrfheabhas a chur ar na costais táirgthe, le praghsanna táirgeoirí a chobhsú, le taighde a dhéanamh, le dea-chleachtais a chur chun cinn, le cúnaimh teicniúil a chur ar fáil, le fotháirgí a bhainistiú agus le huirlisí bainistithe riosca a bhainistiú atá ar fáil dá gcuid comhaltaí, agus ag rannchuidiú ar an gcaoi sin le seasamh na dtáirgeoirí sa slabhra bia a neartú. Ar an gcuma sin, bíonn a gcuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear caibidlíocht chonarthaigh i dtaca le soláthar táirgí talmhaíochta ag eagraíochtaí táirgeoirí gona gcomhlachais den sórt sin nuair a bhíonn an soláthar á chomhdhlúthú agus táirgí na gcomhaltaí á gcur ar an margadh, bíonn siad ina rannchuidiú le cuspóirí CBT, atá leagtha síos in Airteagal 39 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), a chomhlíonadh ós rud é go neartaítear dá mbarr seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bhia agus gur féidir leo rannchuidiú le feabhas a chur ar fheidhmiú shlabhra an tsoláthair bhia. Leis an athchóiriú a rinneadh ar CBT in 2013, treisíodh an ról a bhíonn ag eagraíochtaí na dtáirgeoirí. De mhaolú ar Airteagal 101 CFAE, ba cheart, dá bhrí sin, rialáil shonrach a dhéanamh — mar cheart de chuid eagraíochtaí aitheanta na dtáirgeoirí i ngach earnáil a mbunaítear comheagrú ar na margaí de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ ar an bhféidearthacht atá ann gníomhaíochtaí a chur i gcrích amhail pleanáil táirgthe, optamú costas, táirgí na gcomhaltaí is táirgeoirí a chur ar an margadh agus dul i mbun caibidlíochta chonarthaigh. Maidir leis an maolú sin, níor cheart a chumhdach leis ach eagraíochtaí na dtáirgeoirí sin a bhíonn ag gabháil i ndáiríre de ghníomhaíocht atá dírithe ar chomhtháthú eacnamaíoch agus a chomhchruinníonn an soláthar agus a chuireann táirgí na gcomhaltaí ar an margadh. Mar sin féin, chomh maith le hAirteagal 102 CFAE a chur i bhfeidhm ar eagraíochtaí táirgeoirí den chineál sin, ba cheart coimirce a bheith ann chun a áirithiú nach gcuirfidh na gníomhaíochtaí sin an iomaíocht as an áireamh nó nach gcuirfidh siad i mbaol na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 39 CFAE. Ba cheart é a bheith de cheart ag na húdaráis iomaíochta idirghabháil a dhéanamh i gcásanna den sórt sin agus cinneadh a dhéanamh gur cheart, san am atá le teacht, gníomhaíochtaí den sórt sin a mhodhnú, go gcuirfear deireadh leo, nó nach ndéanfar iad ar chor ar bith. Go dtí go nglacfar an cinneadh ón údarás iomaíochta, ba cheart gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí na dtáirgeoirí a mheas mar ghníomhaíochtaí dlíthiúla. I dtaca leis na gníomhaíochtaí a chuireann siad i gcrích iad féin, ba cheart do chomhlachais d'eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 156(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a bheith in ann brath ar an maolú sin a oiread céanna agus a dhéanadh eagraíochtaí táirgeoirí faoi na cúinsí céanna.

(1) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

- (53) Aithnítear eagraíochtaí na dtáirgeoirí in earnáil ar leith dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Ach ó tharla gur ceadmhach d'eagraíochtaí na dtáirgeoirí a bheith gníomhach in earnáil amháin nó níos mó, agus de ghrá an t-ualach riaracháin a sheachaint, a leagfaí orthu trína cheangal orthu níos mó ná eagraíocht amháin a chruthú do na tairgeoirí chun críocha aitheantais, is ceart a bheith indéanta d'eagraíocht táirgeoirí amháin níos mó ná aitheantas amháin a bhaint amach. Mar sin féin, i gcásanna den sórt sin, ba cheart don eagraíocht sin na coinníollacha aitheantais a chomhlíonadh i dtaca le gach ceann de na hearnálacha lena mbaineann.
- (54) Ag tabhairt ar aird an ról a thig le heagraíochtaí idirchraoibhe a imirt i dtaca le feidhmiú níos fearr an tslabhra soláthair bhia, ba cheart cur le liosta na gcuspóirí is ceadmhach do na heagraíochtaí idirchraoibhe sin a shaothrú ionas go gcuimsítear ann bearta coiscthe agus bainistithe rioscaí a bhaineann le sláinte ainmhithe, le cosaint plandaí agus leis an gcomhshaol.
- (55) Aithnítear eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil ar leith dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Ach, ó tharla gur ceadmhach d'eagraíochtaí idirchraoibhe a bheith gníomhach in earnáil amháin nó níos mó agus, ar mhaithe leis an ualach riaracháin a sheachaint trína cheangal orthu níos mó ná eagraíocht idirchraoibhe amháin a chruthú chun críocha aitheantais, ba cheart a bheith indéanta d'eagraíocht idirchraoibhe amháin níos mó ná aitheantas amháin a bhaint amach. Mar sin féin, i gcásanna den sórt sin, ba cheart don eagraíocht sin na coinníollacha aitheantais a chomhlíonadh i dtaca le gach ceann de na hearnálacha lena mbaineann.
- (56) D'fhonn go mbeadh ann tarchur níos fearr ar chomharthaí an mhargaidh agus chun naisc a neartú idir praghsanna na dtáirgeoirí agus an breisluach ar fud an tslabhra soláthair, ba cheart cead a bheith ag feirmeoirí agus ag comhlachais feirmeoirí, comhaontú a dhéanamh leis an gcéad cheannaitheoir faoi chlásaíl maidir le comhroinnt luacha, chomh maith le bónaís agus cailleanais sna margaí. De bhrí go dtig le heagraíochtaí idirchraoibhe ról tábhachtach a bheith acu maidir le hidirphlé a éascú idir gníomhairí an tslabhra sholáthair agus maidir le dea-chleachtais agus trédhearcacht sa mhargadh a chur chun cinn, ba cheart cead a thabhairt dóibh clásaíl chaighdeánacha maidir le comhroinnt luacha a bhunú. Ach ba cheart gur rogha dheonach ag feirmeoirí, ag comhlachais feirmeoirí, gona gcéad cheannaitheoirí, a bheidh in úsáid na gclásal maidir le comhroinnt luacha.
- (57) Tá sé léirithe ag an taithí a gnóthaíodh trí Airteagal 188 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a chur i bhfeidhm gurb anásta agus dian ar acmhainní atá an gá le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh le haghaidh bainistiú a dhéanamh ar phróisis mhatamaiticiúla shimplí atá ceangailte leis an dóigh a leithdháiltear cuótaí, agus nach mbaineann aon bhuntáiste sonrath le cur chuige den sórt sin. Déanta na fírinne, níl aon lamháil le haghaidh lánrogha ag an gCoimisiún sa chomhthéacs sin ós rud é gur socraíodh an fhoirmle ghaolmhar cheana féin le hAirteagal 7(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1301/2006 ón gCoimisiún ⁽¹⁾. D'fhonn an t-ualach gaolmhar riaracháin a laghdú agus an próiseas a chuicóiriú, ba cheart foráil a dhéanamh go gcuirfeadh an Coimisiún na torthaí ar leithdháileadh na gcuótaí taraife ar fáil don phobal trí fhoilseachán iomchuí gréasáin. Ina theannta sin, ba cheart foráil shonrach a chur ar áireamh lena bhfágfaí nár cheart do na Ballstáit ceadúnais a eisiúint ach tar éis na torthaí ar leithdháileadh a bheith foilsithe ag an gCoimisiún.
- (58) Chun a áirithiú go mbainfidh feirmeoirí nó eagraíochtaí táirgeoirí nó a gcomhlachais úsáid éifeachtach as Airteagal 209 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, is ceart féidearthacht a thabhairt isteach faoinar féidir leo iarraidh a dhéanamh ar thuairim ón gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht comhaontuithe, cinntí agus cleachtas combheartaithe feirmeoirí nó eagraíochtaí táirgeoirí nó a gcomhlachas leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 39 CFAE.
- (59) D'fhonn a áirithiú gur féidir na forálacha i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena gceadaítear do chomhaontuithe comhchoiteanna agus do chinntí na hearnálacha lena mbaineann a chobhsú go sealadach tráth a dtarlaíonn míchothromaíochtaí tromchúiseacha i margaí, agus d'fhonn a áirithiú gur féidir iad sin a chur chun feidhme go héifeachtach agus go pras, ba cheart na féidearthachtaí a bhaineann lena leithéid a leathnú ionas go gcuimseofar freisin feirmeoirí agus comhlachais feirmeoirí. Ina theannta sin, níor cheart na bearta sealadacha sin a údarú feasta mar rogha dheiridh; ina choinne sin, d'fhéadfaidís a bheith ina gcomhlánú ag gníomhaíocht an Aontais i gcomhthéacs idirghabháil phoiblí, stóráil phríobháideach agus na bearta eisceachtúla atá beartaithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (60) Ós iomchuí leanúint de chúnamh a thabhairt d'earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne le linn a haistrithe de thoisc dheireadh chóras na gcuótaí, agus de ghrá an earnáil a spreagadh chun freagairt níos éifeachtaí a thabhairt ar luaineachtaí praghsais agus margaidh, níor cheart aon dáta deiridh a bheith ag gabháil feasta leis na forálacha i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena neartaítear socrúithe conarthacha in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne.
- (61) Is ceart do na margaí talmhaíochta a bheith trédhearcach agus faisnéis i dtaobh praghsanna a bheith inrochtana agus úsáideach do na páirtithe uile lena mbaineann.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1301/2016 ón gCoimisiún an 31 Lúnasa 2016 lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le riar cuótaí taraife ar allmhairí le haghaidh táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin (IO L 238, 1.9.2016, lch. 13).

- (62) Is léir ón taithí a fuarthas agus Roinn A de Chuid II d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 á cur i bhfeidhm gur anásta an rud é nach mór gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun méaduithe teoranta ar na teorainneacha saibhríthe fíona a fhormheas — ar teorainneacha iad atá teicniúil agus nach mbaineann aon chonspóide leo — agus gur mór an tarraingt a leithéid ar acmhainní agus nach mbíonn aon bhuntáiste ar leith mar thoradh ar an gcur chuige sin. D'fhonn an t-ualach riaracháin a bhaineann leo a laghdú agus an próiseas a shruthlíniú, ba cheart foráil a dhéanamh go bhfuil na Ballstáit a chinnfidh leas a bhaint as an maolú sin leis an gCoimisiún a chur ar an eolas faoi aon chinneadh den sórt sin.
- (63) Le Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, foráiltear nach bhféadfar gealltanais bhuiséadacha a roinnt i dtráthchodanna bliantúla ach amháin sa chás go bhformheastar cláir ilbhliantúla le galair ainmhithe agus zónóisí a dhíothú, a rialú agus faireachas a dhéanamh orthu, do chlár shuirbhéireachta maidir le lotnaidí a bheith ann agus do chlár maidir le lotnaidí a rialú i réigiúin forimeallacha an Aontais. Ar mhaithe le simpliú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart an deis sin a leathnú do na gníomhaíochtaí eile dá bhforáiltear sa Rialachán sin.
- (64) Le go bhféadfar na leasuithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2018, ba cheart dó teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (65) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh.1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1307/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 652/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2(1), leasaítear an dara fomhír mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (n):

“(n) ciallaíonn ‘feirmeoir óg’ duine nach bhfuil níos mó ná 40 bliain d’aois aige nó aici an t-am a gcuirtear isteach an t-iarratas, a bhfuil scileanna ceirde agus inniúlacht leordhóthanach aige nó aici agus atá ag bunú den chéad uair i ngabháltas talmhaíochta mar cheann an ghabháiltais sin; Féadfar an bunú a dhéanamh go haonarach nó i gcomhpháirt, gan beann ar a fhoirm dhlíthiúil, le feirmeoirí eile.”;

(b) cuirtear an pointe seo a leanas léi:

“(s) ciallaíonn ‘dáta an bhunaithe’ an dáta a ndéanann an t-iarrthóir nó a gcríochnaíonn an t-iarrthóir gníomhaíocht nó gníomhaíochtaí a bhaineann leis an mbunú dá dtagraítear i bpointe (n).”;

(2) in Airteagal 8(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h)(ii):

“(ii) tábla ina leagtar amach, do gach beart, do gach cineál oibríochta le ráta sonrath ranníocaíochta CETFT, don chineál oibríochta dá dtagraítear in Airteagal 37(1) agus in Airteagal 39a agus do chúnamh teicniúil, ranníocaíocht bheartaithe iomlán an Aontais agus ráta infheidhme ranníocaíochta CETFT. Nuair is infheidhme, léireofar sa tábla sin ar leithligh ráta ranníocaíochta CETFT do réigiúin thearcfhorbartha agus do réigiúin eile.”;

(3) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Beidh costais a bhaineann le heagrú agus le seachadadh na gníomhaíochta aistríthe eolais nó faisnéise ar na costais incháilithe faoin mbeart seo. Féadfar úsáid a bhaint as bonneagar a chuirtear ann de thoradh ar thaispeántas tar éis an oibríochta a chríochnú. I gcás tionscadail taispeántais, féadfaidh an tacaíocht costais ábhartha infheistíochta a chumhdach freisin. Beidh costais taistil, cóiríochta agus speansais cothaithe laethúil na rannpháirtithe mar aon le costas athsholáthair feirmeoirí incháilithe le haghaidh tacaíochta freisin. Íocfar na costais ar fad a aithneofar faoin mír seo leis an tairbhí.”;

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena leagtar síos forálacha maidir le bainistiú caiteachais i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, agus i ndáil le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí, lena leasaítear Treoir 98/56/CE, Treoir 2000/29/CE agus Treoir 2008/90/CE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 66/399/CEE, Cinneadh 76/894/CEE agus Cinneadh 2009/470/CE ón gComhairle (IO L 189, 27.6.2014, lch. 1).

(4) leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Is ag soláthraí na comhairle nó na hoiliúna nó ag an Údarás Bainistíochta a bheidh tairbhe na tacaíochta dá soláthraítear i gcomhréir le pointe (a) agus le pointe (b) de mhír 1. Sa chás gurb é an tÚdarás Bainistíochta an tairbhí, déanfaidh comhlacht a bheidh neamhspleách ó thaobh feidhme de ar an Údarás Bainistíochta soláthraí na comhairle nó na hoiliúna a roghnú. Deonófar tacaíocht faoi phointe (b) de mhír 1 don údarás nó don chomhlacht roghnaithe chun an tseirbhís bainistíochta feirme, an tseirbhís faoisimh feirme, an tseirbhís chomhairleach feirme nó an tseirbhís chomhairleach foraoiseachta a bhunú.”;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“3. Beidh na hacmhainní iomchuí ag na húdaráis nó ag na comhlachtaí roghnaithe chun comhairle a thabhairt i bhfoirm foirne cáilithe a gcuirtear oiliúint go rialta orthu agus beidh taithí chomhairleach acu agus beidh siad iontaofa maidir leis na réimsí a dtugann siad comhairle ina leith. Is le nós imeachta roghnúcháin, a bheidh oscailte do chomhlachtaí poiblí agus príobháideacha araon, a roghnófar na soláthraithe faoin mbeart seo. Beidh an nós imeachta roghnúcháin sin oibiachtúil agus déanfar iarrthóirí a mbeidh coinbhleachtaí leasa ag baint leo a eisiáimh leis.”;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“3a. Chun críche an Airteagail seo, déanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 65(1), gach seiceáil ar leibhéal an tsoláthraí chomhairle nó oiliúna.”;

(5) leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda tosaigh:

“1. Cumhdófar sa tacaíocht faoin mbeart seo rannpháirtíocht nua ag feirmeoirí agus ag grúpaí feirmeoirí, nó rannpháirtíocht ag feirmeoirí nó ag grúpaí feirmeoirí sna 5 bliana roimhe sin, sna nithe seo a leanas.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

“2. Féadfar a chumhdach faoin mbeart seo costais a eascróidh as gníomhaíochtaí faisnéise agus as gníomhaíochtaí cur chun cinn a chuirfidh grúpaí táirgeoirí chun feidhme, maidir leis na táirgí a bheidh cumhdaithe ag tacaíocht scéime cáilíochta i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo. De mhaolú ar Airteagal 70(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, ní féadfar na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme ach sa mhargadh inmheánach amháin.

3. Deonófar tacaíocht faoi mhír 1 mar íocaíocht bhliantúil dreasachta, agus cinnfear leibhéal na híocaíochta i gcomhréir le leibhéal na gcostas seasta a eascraíonn as rannpháirtíocht sna scéimeanna tacaithe, ar feadh uastréimhse 5 - bliana.

Maidir leis an rannpháirtíocht tosaigh sula ndéantar iarratas ar thacaíocht faoi mhír 1, laghdófar an uastréimhse 5 bliana de réir líon na mblianta a caitheadh idir an chéad rannpháirtíocht i scéim cáilíochta agus tráth déanta an iarratais ar thacaíocht.

Chun críche na míre seo, ciallaíonn ‘costais sheasta’ na costais a eascraíonn as dul isteach i scéim thacaithe cáilíochta móide an ranníocaíocht bhliantúil do rannpháirtíocht sa scéim sin, lena n-áirítear, más gá, caiteachas ar sheiceálacha a theastaíonn chun comhlíonadh le sonraíochtaí na scéime a fhíorú.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘feirmeoir’ feirmeoir gníomhach de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, de réir mar is infheidhme sa Bhallstát lena mbaineann.”;

(6) leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) infheistíochtaí a bhainfidh le próiseáil, le margáíocht agus/nó le forbairt táirgí talmhaíochta arna gcumhdach le hIarscríbhinn I a ghabhann le CFAE nó cadáis, seachas táirgí iascaigh; d’fhéadfadh sé gur táirge nach gcumhdaítear leis an Iarscríbhinn sin a bheadh in aschur an phróisis táirgeachta; i gcás go gcuirtear tacaíocht ar fáil mar ionstraimí airgeadais, féadfaidh an t-aschur a bheith ina tháirge nach gcumhdaítear leis an Iarscríbhinn sin ar choinníoll go rannchuidíonn an infheistíocht le ceann amháin nó níos mó de thosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Féadfar tacaíocht a dheonú d’fheirmeoirí óga a bheidh ag bunú den chéad uair i ngabháltas talmhaíochta mar cheann an ghabháltais i leith infheistíochtaí lena gcomhlíontar caighdeáin an Aontais is infheidhme maidir le táirgeacht talmhaíochta, lena n-áirítear sábháilteacht cheirde. Féadfar tacaíocht den chineál sin a chur ar fáil go ceann uastréimhse 24 mhí ó dháta an bhunaithe mar a leagtar amach sa phlean forbartha tuaithe nó go dtí go gcuirfead na gníomhaíochtaí a shainmhínítear sa phlean gnó dá dtagraítear in Airteagal 19(4) i gcrích”;

(7) leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Déanfar an t-iarratas ar thacaíocht faoi phointe (a)(i) de mhír 1 a chur isteach 24 mhí ar a dhéanaí tar éis dháta an bhunaithe.

Cuirfead de choinníoll ar thacaíocht faoi phointe (a) de mhír 1 go gcuirfead plean gnó isteach. Cuirfead tús le cur chun feidhme an phlean gnó laistigh de 9 mí ar a dhéanaí ó dháta an chinnidh lena ndeonaítear an chabhair. Mairfidh an plean gnó ar feadh uastréimhse 5 bliana.

Forálfar leis an bplean gnó go bhfuil an feirmeoir óg le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a chomhlíonadh, de réir mar is infheidhme sa Bhallstát lena mbaineann, laistigh de 18 mí tar éis dháta an chinnidh lena ndeonaítear an chabhair.

Saineoidh na Ballstáit an ghníomhaíocht nó na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (s) d’Airteagal 2(1) sna cláir forbartha tuaithe.

Saineoidh na Ballstáit uastairsí agus íostairsí in aghaidh an tairbhí nó an ghabháltais chun rochtain ar thacaíocht faoi phointe (a)(i) agus faoi phointe (a)(iii) de mhír 1 a údarú. Beidh an íostairseach do thacaíocht faoi phointe (a)(i) de mhír 1 níos airde ná an uastairseach do thacaíocht faoi phointe (a)(iii) de mhír 1. Beidh tacaíocht teoranta do ghabháltas a thagann faoin sainmhíniú ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga.”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“4a. De mhaolú ar Airteagal 37(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, féadfar tacaíocht faoi phointe (a)(i) de mhír 1 den Airteagal seo a sholáthar freisin i bhfoirm ionstraimí airgeadais, nó mar theaghlaim de dheontais agus ionstraimí airgeadais.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Íocfar tacaíocht faoi phointe (a) de mhír 1 in dhá thráthchuid ar a laghad. Féadfaidh tráthchodanna a bheith ar bhonn céimlaghdaitheach. Cuirfead de choinníoll ar íocaíocht na tráthchoda deiridh faoi phointe (a)(i) agus faoi phointe (a)(ii) de mhír 1 go gcuirtear an plean gnó chun feidhme i gceart.”;

(8) in Airteagal 20, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“4. Ní bheidh feidhm ag mír 2 ná ag mír 3 i gcás ina soláthraítear tacaíocht i bhfoirm ionstraimí airgeadais.”;

(9) leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

“Airteagal 23

Bunú, athghiniúint nó athchóiriú na gcóras agraforaíochta”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Deonófar tacaíocht faoi phointe (b) d’Airteagal 21(1) do shealbhóirí talún príobháidí, do bhordais agus dá gcomhlachais agus cumhdófar inti costais bunaithe, athghiniúna agus/nó athchóirithe agus préimh bhliantúil in aghaidh an heicteáir chun costais chothabhála a chumhdach ar feadh uastréimhse 5 bliana.”;

(10) leasaítear Airteagal 28 mar a leanas:

(a) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

“Agus na híocaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír á ríomh, bainfidh na Ballstáit an méid is gá d’fhonn cistiú dúbailte maidir leis na cleachtais dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a sheachaint. Féadfaidh na Ballstáit an asbhaint a ríomh mar mheánmhéid seasta a chuirfear i bhfeidhm ar na tairbhíthe uile lena mbaineann a bhíonn i mbun an chineáil oibríochta lena mbaineann.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

“9. Féadfar tacaíocht a chur ar fáil do chaomhnú agus d’úsáid inbhuanaithe agus d’fhorbairt inbhuanaithe acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht, lena n-áirítear acmhainní neamhdhúchasacha, i gcás oibríochtaí nach gcumhdaítear leis na forálacha faoi mhír 1 go 8. Féadfaidh tairbhíthe eile seachas iad siúd a luaitear i mír 2 na gealltanais sin a chomhlíonadh.”;

(11) leasaítear Airteagal 29 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Deonófar tacaíocht faoin mbeart seo, in aghaidh an heicteáir den limistéar talmhaíochta, d’fheirmeoirí nó do ghrúpaí feirmeoirí a dhéanfaidh, ar bhonn deonach, modhanna agus cleachtais feirmeoireachta orgánaí a chothabháil nó aistriú chucu, a ghlacadh ar láimh faoi mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 agus d’fheirmeoirí ar feirmeoirí gníomhacha iad de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, de réir mar is infheidhme sa Bhallstát lena mbaineann.”;

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

“Agus na híocaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír á ríomh, bainfidh na Ballstáit an méid is gá d’fhonn cistiú dúbailte maidir leis na cleachtais dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a sheachaint. Féadfaidh na Ballstáit an asbhaint a ríomh mar mheánmhéid seasta a chuirfear i bhfeidhm ar na tairbhíthe uile lena mbaineann a bhíonn i mbun na bhfobheart lena mbaineann”;

(12) in Airteagal 30(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

“Agus na híocaíochtaí a bhaineann leis an tacaíocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír á ríomh, bainfidh na Ballstáit an méid is gá d’fhonn cistiú dúbailte maidir leis na cleachtais dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a sheachaint. Féadfaidh na Ballstáit an asbhaint a ríomh mar mheánmhéid seasta a chuirfear i bhfeidhm ar na tairbhíthe uile lena mbaineann a bhíonn i mbun na bhfobheart lena mbaineann”;

(13) leasaítear Airteagal 31 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Deonófar íocaíochtaí d’fheirmeoirí a ghlacfaidh ar láimh a ngníomhaíocht feirmeoireachta a dhéanamh sna limistéir ainmnithe de bhun Airteagal 32 agus ar feirmeoirí gníomhacha iad de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, de réir mar is infheidhme sa Bhallstát lena mbaineann.”;

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“5. I dteannta na n-íocaíochtaí dá bhforáiltear i mír 2, féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí a dheonú faoin mbeart seo idir 2014 agus 2020 do thairbhíthe i limistéir a bhí incháilithe faoi Airteagal 36(a)(ii) de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 le linn na clárthréimhse 2007-2013. Maidir leis na tairbhíthe sna limistéir sin nach bhfuil incháilithe níos mó i ndiaidh an teorannaithe nua dá dtagraítear in Airteagal 32(3), beidh na híocaíochtaí sin céimlaghdaitheach thar uastréimhse 4 bliana. Tosóidh an tréimhse sin ar an dáta a gcríochnófar an teorannú i gcomhréir le hAirteagal 32(3) agus ar a dhéanaí in 2019. Tosóidh na híocaíochtaí sin ag méid nach mó ná 80 % den mheáníocaíocht socraithe sa chlár don chlárthréimhse 2007-2013 i gcomhréir le hAirteagal 36(a)(ii) de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005, agus críochnóidh siad in 2020 ar a dhéanaí ag méid nach mó ná 20 %. Nuair a shroichfidh leibhéal na híocaíochta EUR 25, de bharr na céimlaghdaitheachta, féadfaidh an Ballstát leanúint leis na híocaíochtaí ar an leibhéal sin go dtí go mbeidh an tréimhse 4 bliana thart.”;

(14) in Airteagal 33, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Faoin mbeart seo, deonófar íocaíochtaí leasa ainmhithe d’fheirmeoirí a ghlacfaidh ar láimh, ar bhonn deonach, oibríochtaí a dhéanamh a bhaineann le gealltanais amháin nó níos mó gealltanais maidir le leas ainmhithe, ar feirmeoirí gníomhacha iad de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, de réir mar is infheidhme sa Bhallstát lena mbaineann.”;

(15) leasaítear Airteagal 36 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) uirlis cobhsaithe ioncaim, i bhfoirm ranníocaíochtaí airgeadais le cistí frithpháirteacha, trína gcuirtear cúiteamh ar fáil d’fheirmeoirí gach earnála le haghaidh titim ghéar ar a n-ioncam.”;

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas léi:

“(d) uirlis earnáilsonrach cobhsaithe ioncaim, i bhfoirm ranníocaíochtaí airgeadais le cistí frithpháirteacha, trína gcuirtear cúiteamh ar fáil d’fheirmeoirí in earnáil shonrach le haghaidh titim ghéar ar a n-ioncam.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘feirmeoir’ feirmeoir gníomhach de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, de réir mar is infheidhme sa Bhallstát lena mbaineann.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Chun críocha phointe (b), phointe (c), agus phointe (d) de mhír 1, ciallaíonn ‘ciste frithpháirteach’ scéim arna creidiúnú ag an mBallstát i gcomhréir lena dhlí náisiúnta le haghaidh feirmeoirí cleamhnaithe chun iad féin a chur faoi árachas, trína ndéantar íocaíochtaí cúitimh le feirmeoirí cleamhnaithe le haghaidh caillteanais eacnamaíocha a tharla de dhroim ráig de theagmhais dhíobhálacha aeráide nó ráig de ghalair ainmhithe nó plandaí, foirgeacht le lotnaidí nó teagmhas comhshaoil, nó le haghaidh titim ghéar a bheith ar a n-ioncam.”;

(d) i mír 5, scriostar an dara fómhír.

(16) in Airteagal 37(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“1. Ní dheonófar tacaíocht faoi phointe (a) d’Airteagal 36(1) ach le haghaidh conarthaí árachais lena gcumhdaítear caillteanas a tharla de dhroim teagmhas díobhálach aeráide, nó galar ainmhithe nó galar plandaí, nó foirgeacht le lotnaidí, nó teagmhas comhshaoil nó beart a glacadh i gcomhréir le Treoir 2000/29/CE maidir le díothú nó rialú a dhéanamh ar ghalair plandaí, nó ar fhoirgeacht le lotnaidí a scriosann níos mó ná 20 % de mheántáirgeacht bhliantúil an fheirmeora sa tréimhse 3 bliana roimhe sin nó meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, ag fágáil an iontráil is airde agus an iontráil is ísle ar lár. Féadfar innéacsanna a úsáid d’fhonn táirgiúlacht bhliantúil an fheirmeora a ríomh. Beifear in ann caillteanas iarbhír feirmeora aonair in aon bhliain ar leith a chinneadh tríd an modh ríomha a úsáidtear.”;

(17) leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“3. Ní fhéadfaidh baint a bheith ag na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 36(1) ach leo seo a leanas:

(a) na costais riaracháin chun an ciste frithpháirteach a bhunú, dáilte thar 3 bliana ar a mhéad ar mhodh céimlaghdaitheach;

(b) na suimeanna arna n-íoc ag an gciste frithpháirteach mar chúiteamh airgeadais le feirmeoirí. Ina theannta sin, féadfaidh an ranníocaíocht airgeadais a bheith bainteach le hús ar iasachtaí tráchtála a thógann an ciste frithpháirteach amach ar mhaithe le cúiteamh airgeadais a íoc le feirmeoirí i gcás géarchéime;

(c) na híocaíochtaí bliantúla leis an gciste a fhorlíonadh;

(d) stoc caipitil tosaigh an chiste fhrithpháirtigh.”;

(ii) scriostar an tríú fómhír;

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“5. Beidh an tacaíocht teoranta don uasráta tacaíochta a leagtar síos in Iarscríbhinn II. Cuirfear san áireamh aon tacaíocht a tugadh cheana faoi phointe (c) agus faoi phointe (d) de mhír 3 agus tacaíocht faoi phointe (b) de mhír 3 á tabhairt.”

(18) leasaítear Airteagal 39 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil

“Airteagal 39

Uirlis cobhsaithe ioncaim d’fheirmeoirí i ngach earnáil”

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Ní dheonófar tacaíocht faoi phointe (c) d’Airteagal 36(1) ach amháin má tá an titim san ioncam níos mó ná 30 % de mheán-ioncam bliantúil an fheirmeora aonair sa tréimhse 3 bliana roimhe sin nó meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, ag fágáil an iontráil is airde agus an iontráil is ísle ar lár. Chun críocha phointe (c) d’Airteagal 36(1), tagróidh ioncam do shuim an ioncaim a fhaigheann an feirmeoir ón margadh, lena n-áirítear tacaíocht phoiblí de chineál ar bith, lúide costais ionchuir. Le híocaíochtaí ón gciste frithpháirteach le feirmeoirí, tabharfar cúiteamh as níos lú ná 70 % den ioncam a chailltear le linn na bliana a mbeidh an táirgeoir incháilithe an cúnamh sin a fháil. Féadfar innéacsanna a úsáid d’fhonn cailteanas bliantúil ioncaim an fheirmeora a ríomh.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 agus mhír 5:

“4. Ní fhéadfaidh baint a bheith ag na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 36(1) ach leo seo a leanas:

(a) na costais riaracháin chun an ciste frithpháirteach a bhunú, dáilte thar 3 bliana ar a mhéad ar mhodh céimlaghdaitheach;

(b) na suimeanna arna n-íoc ag an gciste frithpháirteach mar chúiteamh airgeadais le feirmeoirí. Ina theannta sin, féadfaidh an ranníocaíocht airgeadais a bheith bainteach le hús ar iasachtaí tráchtála a thógann an ciste frithpháirteach amach ar mhaithe le cúiteamh airgeadais a íoc le feirmeoirí i gcás géarchéime;

(c) na híocaíochtaí bliantúla don chiste a fhorlónadh;

(d) stoc caipitil tosaigh an chiste fhrithpháirtigh.

5. Beidh an tacaíocht teoranta don uasráta a leagtar síos in Iarscríbhinn II. Cuirfear san áireamh aon tacaíocht a tugadh cheana faoi phointe (c) agus faoi phointe (d) de mhír 4 agus tacaíocht faoi phointe (b) de mhír 4 á tabhairt.”;

(19) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 39a

Uirlis cobhsaithe ioncaim d’fheirmeoirí in earnáil shonrach

1. Ní dheonófar tacaíocht faoi phointe (d) d’Airteagal 36(1) ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus i gcás ina bhfuil an titim san ioncam níos mó ná tairseach de 20 % ar a laghad de mheán-ioncam bliantúil an fheirmeora aonair sa tréimhse 3 bliana roimhe sin nó meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, ag fágáil an iontráil is airde agus an iontráil is ísle ar lár. Féadfar innéacsanna a úsáid d’fhonn cailteanas bliantúil ioncaim an fheirmeora a ríomh. Chun críocha phointe (d) d’Airteagal 36(1), tagróidh ioncam do shuim an ioncaim a fhaigheann an feirmeoir ón margadh, lena n-áirítear tacaíocht phoiblí de chineál ar bith, lúide costais ionchuir. Le híocaíochtaí ón gciste frithpháirteach le feirmeoirí, tabharfar cúiteamh as níos lú ná 70 % den ioncam a chailltear le linn na bliana a mbeidh an táirgeoir incháilithe an cúnamh sin a fháil.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 39(2) go (5) chun críche tacaíocht faoi phointe (d) d’Airteagal 36(1).”;

(20) leasaítear Airteagal 45 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. I gcás ina dtugtar tacaíocht trí ionstraim airgeadais arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, d’fhéadfadh gur caiteachas incháilithe é caipiteal oibre. Ní rachaidh caiteachas incháilithe den sórt sin thar EUR 200 000 ná 30 % de mhéid iomlán an chaiteachais incháilithe don infheistíocht, cibé acu atá níos airde.”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“7. Ní bheidh feidhm ag mír 1, mír 2 ná mír 3 i gcás ina soláthraítear tacaíocht i bhfoirm ionstraimí airgeadais.”;

(21) leasaítear Airteagal 49 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

“De mhaolú air sin ar an gcéad fhomhír, i gcásanna eisceachtúla agus i gcásanna a mbeidh údar cuí leo nuair nach féidir critéir roghnúcháin a bhunú toisc chineál an tsaghais oibríochtaí lena mbaineann, féadfaidh an tÚdarás Bainistíochta, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Faireacháin, modh roghnúcháin eile a shainmhíniú ar a ndéanfar tuairisc sa chlár forbartha tuaithe.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

“2. Áiritheoidh údarás an Bhallstáit atá freagrach as roghnú na n-oibríochtaí, cé is moite de na hoibríochtaí faoi phointe (b) d’Airteagal 18(1), faoi phointe (d) d’Airteagal 24(1) agus Airteagal 28 go hAirteagal 31, Airteagal 33 go hAirteagal 34 agus Airteagal 36 go hAirteagal 39a, go roghnófar oibríochtaí i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin dá dtagraítear i mír 1 agus de réir nós imeachta trédhearcach a mbeidh doiciméadú maith ann ina leith.

3. Féadfar na tairbhíthe a roghnú ar bhonn glaonna ar thograí, agus critéir éifeachtúlachta eacnamaíche, sóisialta agus comhshaoil á gcur i bhfeidhm.”;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“4. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 i gcás ina soláthraítear tacaíocht i bhfoirm ionstraimí airgeadais.”;

(22) in Airteagal 59, leasaítear mír 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

“(f) 100 % do mhéid EUR 100 milliún, i bpraghsanna 2011, arna leithdháileadh ar Éirinn, do mhéid EUR 500 milliún, i bpraghsanna 2011, arna leithdháileadh ar an bPortaingéil agus do mhéid EUR 7 milliún, i bpraghsanna 2011, arna leithdháileadh ar an gCipir.”;

(b) cuirtear an pointe seo a leanas léi:

“(h) an ráta ranníocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 39a(13) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 le haghaidh na hionstraime airgeadais dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 38(1) den Rialachán sin.”;

(23) leasaítear Airteagal 60 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. De mhaolú ar Airteagal 65(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, i gcásanna ina bhfuil bearta éigeandála i gceist i ngeall ar thubaistí nádúrtha, teagmhais thurraingeacha nó teagmhais dhíobhálacha aeráide nó i ngeall ar athrú suntasach agus tobann ar dhálaí socheacnamaíoch an Bhallstáit nó an réigiúin, féadfar a fhoráil sna cláir forbartha tuaithe go bhféadfaidh incháilitheacht an chaiteachais a bhaineann le hathruithe ar an gclár a thosú ón dáta ar tharla an teagmhas.”;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fhomhír:

“Cé is moite de chostais ghinearálta arna sainmhíniú i bpointe (c) d’Airteagal 45(2), i leith oibríochtaí infheistíochta faoi bhearta atá faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE, ní mheasfar a bheith incháilithe ach caiteachas arna thabhtú tar éis don iarratas a bheith curtha faoi bhráid an údarás inniúil. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh ina gclár go mbeidh caiteachas a bhaineann le bearta éigeandála mar gheall ar thubaistí nádúrtha, teagmhais thurraingeacha nó teagmhais dhíobhálacha aeráide nó athrú suntasach tobann ar dhálaí socheacnamaíoch an Bhallstáit nó an réigiúin, agus a bheidh tabhaithe ag an tairbhí tar éis don teagmhas a bheith ann, go mbeidh an caiteachas sin incháilithe freisin.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Cuirfear sonraisc agus doiciméid a dheimhníonn íocaíocht mar thacaíocht le híocaíochtaí ó thairbhíthe. I gcás nach féidir déanamh amhlaidh, cuirfear doiciméid a bhfuil luach fíorúcháin coibhéseach acu mar thacaíocht le híocaíochtaí, cé is moite de na cineálacha tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 67(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 seachas faoi phointe (a) de.”;

(24) in Airteagal 62, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. I gcás gur ar bhonn costais chaighdeánacha nó costais bhreise agus ioncam tarscaoilte a dheonófar cabhair i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (b) d’Airteagal 21(1) maidir le hioncam tarscaoilte agus costais chothabhála, agus i gcomhréir le hAirteagal 28 go hAirteagal 31, Airteagal 33 agus Airteagal 34, áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh na ríomhanna ábhartha leormhaith agus beacht agus bunaithe roimh ré ar bhonn modh ríomha atá cóir, cothrom agus infhíoraithe. Chuige sin, maidir le comhlacht atá neamhspleách ó thaobh feidhme de ar na húdaráis atá freagrach as an gclár a chur chun feidhme agus a bhfuil an saineolas iomchuí aige, déanfaidh siad na ríomhanna nó deimhneoidh siad leordhóthanacht agus beachtas na ríomhanna. Áireofar ráiteas lena ndeimhnítear leordhóthanacht agus beachtas na ríomhanna sa chlár forbartha tuaithe.”;

(25) in Airteagal 66(1), scriostar pointe (b);

(26) in Airteagal 74, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) rachfar i gcomhairle leis an gCoiste Faireacháin agus eiseoidh sé tuairim, sula bhfoilseofar an glao ábhartha ar thograí, ar na critéir roghnúcháin le haghaidh oibríochtaí maoinithe a dhéanfar a athbhreithniú de réir na riachtanas clársceidealaithe.”;

(27) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 26 mar a leanas:

(a) scriostar mír 2;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 agus mhír 4:

“3. Faoin 30 Meitheamh den bhliain féilire a bhfuil feidhm ag an ráta coigeartaithe ina leith, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena socraítear an ráta coigeartaithe. Glacfar gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(2).”;

4. Go dtí an 1 Nollaig den bhliain féilire a bhfuil feidhm ag an ráta coigeartaithe ina leith, féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn faisnéis nua a bheidh faighte aige, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndéanfar an ráta coigeartaithe arna shocrú i gcomhréir le mír 3 a oiriúnú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(2).”;

(2) in Airteagal 38, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. I gcás imeachtaí dlíthiúla nó i gcás achomharc riaracháin a bhfuil éifeacht fionraíochta acu, cuirfear isteach ar an tréimhse um shaoradh uathoibríoch dá dtagraítear i mír 1 nó i mír 2, i leith an mhéid a bhaineann leis na hoibríochtaí lena mbaineann, ar feadh na n-imeachtaí sin nó an achomhairc riaracháin sin, ar choinníoll go bhfaigheann an Coimisiún fógra réasúnaíthe a bhfuil bonn cuí leis ón mBallstát faoin 31 Eanáir i mbliain N + 4.”;

(3) in Airteagal 43(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) suimeanna nach mór a íoc le buiséad an Aontais, lena n-áirítear ús orthu, faoi Airteagal 40, Airteagal 52 agus Airteagal 54 agus, maidir le caiteachas faoi CERT, faoi Airteagal 41(2) agus Airteagal 51”;

(4) in Airteagal 54(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(ii):

“(ii) má tá an méid a bheidh le haisghabháil ón tairbhí i gcomhthéacs íocaíocht aonair do scéim chabhrach nó do bheart tacaíochta, gan ús a bheith san áireamh, idir EUR 100 agus EUR 250 agus go mbeidh tairseach á cur i bhfeidhm ag an mBallstát lena mbaineann arb ionann í agus an méid a bheidh le haisghabháil faoina dhlí náisiúnta i dtaca le gan dul sa tóir ar fhiacha náisiúnta nó níos airde ná sin.”;

(5) in Airteagal 63(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“I gcás ina mbaineann an neamh-chomhlíonadh le rialacha náisiúnta nó rialacha an Aontais maidir le soláthar poiblí, déanfar an chuid den chabhair nach mbeidh le híoc nó a bheidh le tarraingt siar a chinneadh ar bhonn a thromchúisí atá an neamh-chomhlíonadh agus i gcomhréir le príonsabal na comhréireachta. Ní dhéanfar difear do dhlíthiúlacht agus do rialtacht an idirbhirt ach suas go dtí an leibhéal den chuid sin den chabhair nach mbeidh le híoc nó a bheidh le tarraingt siar.”;

(6) in Airteagal 72, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. De mhaolú ar phointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh:

- (a) nach gá dáileachtaí talmhaíochta de limistéar suas le 0,1 ha nach ndearnadh iarratas ar íocaíocht ina leith a fhógairt, ar choinníoll nach mó ná 1 ha é méid na ndáileachtaí sin, agus/nó féadfaidh siad a chinneadh nach gá d'fheirmeoir nach gcuireann iarratas isteach ar aon íocaíocht dhíreach a bhaineann le limistéar a chuid dáileachtaí talmhaíochta a fhógairt i gcás nach mó ná 1 ha an limistéar iomlán. I ngach cás, cuirfidh an feirmeoir in iúl ina iarratas go bhfuil dáileachtaí talmhaíochta faoina réir aige agus, arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla, cuirfidh sé suíomh na ndáileachtaí sin in iúl;
- (b) i gcás feirmeoirí atá rannpháirteach i scéim na bhfeirmeoirí beaga, dá dtagraítear i dTeideal V de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, ní gá dóibh na dáileachtaí talmhaíochta, nach bhfuil iarratas ar íocaíocht déanta orthu, a dhearbhu, mura gceanglaítear dearbhú den sórt sin chun críche cabhair nó tacaíocht eile.”;

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fómhír agus an ceathrú fómhír d'Airteagal 75(1):

“D'ainneoin na chéad fómhíre agus an dara fómhír den mhír seo, féadfaidh na Ballstáit an méid a leanas a dhéanamh:

- (a) roimh an 1 Nollaig ach ní roimh an 16 Deireadh Fómhair, réamhíocaíochtaí suas le 50 % a dhéanamh i leith na n-íocaíochtaí díreacha;
- (b) roimh an 1 Nollaig, réamhíocaíochtaí suas le 75 % a dhéanamh i leith na tacaíochta a deonaíodh faoi fhorbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 67(2).

Maidir le tacaíocht a deonaíodh faoi fhorbairt tuaithe, dá dtagraítear in Airteagal 67(2), beidh feidhm ag an gcéad fhomhír agus an dara fómhír den mhír seo i dtaca leis na hiarratais ar chabhair nó leis na héilimh ar íocaíocht a chuirtear isteach ó bhliain éilimh 2019.”;

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

“(h) ciallaíonn ‘féarthailte buana agus féarach buan’ (dá dtagraítear i dteannta a chéile mar ‘féarthailte buana’) talamh a úsáidtear chun féar nó foráiste luibheach eile a fhás go nádúrtha (féinsíolaithe) nó trína shaothrú (síolaithe) agus nár áiríodh é in uainíocht bharr an ghabháltais ar feadh 5 bliana nó níos mó, agus, i gcás ina gcinneann na Ballstáit amhlaidh, nár cuireadh faoin gcéachta ar feadh 5 bliana nó níos mó; féadfaidh speicis eile amhail toir agus/nó crainn atá in-innilte a bheith mar chuid de sin agus, i gcás ina gcinneann na Ballstáit amhlaidh, speicis eile amhail toir agus/nó crainn lena ndéantar beatha ainmhithe a tháirgeadh, ar choinníoll gurb iad na féara agus an foráiste luibheach eile a bheidh i gcónaí ceannasach. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh freisin an méid seo a leanas a mheas mar fhéarthailte buana:

- (i) talamh atá in-innilte agus atá ina chuid de chleachtas áitiúla sheanbhunaithe áit nach bhfuil féara agus foráiste luibheach eile ceannasach go traidisiúnta i limistéir innilte; agus/nó
- (ii) talamh atá in-innilte i gcás nach bhfuil féara agus foráiste luibheach eile ceannasach, nó i gcás nach ann dóibh, i limistéir innilte.”;

(ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

“D'ainneoin phointe (f) agus phointe (h) den chéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit a ghlac leis na dáileachtaí talún a fhágtar bán mar thalamh arúil roimh an 1 Eanáir 2018, leanúint ar aghaidh ag glacadh leo mar sin tar éis an dáta sin. Ón 1 Eanáir 2018, maidir le dailteachtaí talún a fhágtar bán agus a nglacfar leo mar thalamh arúil faoin bhfómhír seo in 2018, féarthailte buana a bheidh iontu in 2023 nó ina dhiaidh má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (h).”;

(b) i mír 2, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach:

“Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh:

- (a) go measfar talamh nár cuireadh faoin gcéachta ar feadh 5 bliana nó níos mó mar fhéarthailte buana dá dtagraítear i bpointe (h) den chéad fhomhír de mhír 1, ar choinníoll go n-úsáidtear an talamh chun féar nó foráiste luibheach eile a fhás go nádúrtha (féinsíolaithe) nó trína shaothrú (síolaithe) agus nár áiríodh é in uainíocht bharr an ghabháiltais ar feadh 5 bliana nó níos mó;
- (b) gur féidir speicis eile amhail toir agus/nó crainn lena ndéantar beatha ainmhithe a tháirgeadh a áireamh i bhféarthailte buana i limistéir ina bhfuil féara agus foráiste luibheach eile ceannasach; agus/nó
- (c) go measfar talamh atá in-innilte i gcás nach bhfuil féara agus foráiste luibheach eile ceannasach, nó i gcás nach ann dóibh, i limistéir innilte, mar fhéarthailte buana dá dtagraítear i bpointe (h) den chéad fhomhír de mhír 1.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, ar bhonn critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha, a gcinneadh a chur i bhfeidhm ar a gcríoch iomlán nó ar chuid di, i gcomhréir le pointe (b) agus/nó le pointe (c) den tríú fhomhír den mhír seo.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin 31 Márta 2018 faoi aon chinneadh a ghlactar de bhun an tríú fhomhír agus an ceathrú fhomhír den mhír seo.”;

(2) in Airteagal 6(2), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“I gcás ina mbainfidh Ballstát leas as an rogha dá bhforáiltear sa dara fhomhír d’Airteagal 36(4), féadfar dul thar an uasteorainn náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II don Bhallstát sin don bhliain faoi seach go dtí méid a ríomhtar i gcomhréir leis an bhfomhír sin.”;

(3) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“3a. De bhreis ar mhír 1, ar mhír 2 agus ar mhír 3, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach ndeonófar aon íocaíochtaí díreacha d’fheirmeoirí nach bhfuil cláraithe, dá gcuid gníomhaíochtaí talmhaíochta, i gclár náisiúnta fioscach nó slándála sóisialta.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Ní bheidh feidhm ag mír 2, ag mír 3 agus ag mír 3a maidir le feirmeoirí nach bhfuair ach íocaíochtaí díreacha nach raibh níos mó ná suim áirithe don bhliain roimhe sin. Cinnfidh na Ballstáit an tsuim sin ar bhonn critéir oibiachtúla amhail a gcuid tréithe náisiúnta nó réigiúnacha, agus ní bheidh sí níos airde ná EUR 5 000.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin 1 Lúnasa 2014 faoi aon chinneadh dá dtagraítear i mír 2, i mír 3 nó i mír 4, agus faoin 31 Márta 2018 faoi aon chinneadh dá dtagraítear i mír 3a. I gcás leasuithe ar na cinní sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún laistigh de 2 sheachtain ón dáta ar glacadh an cinneadh leasú a dhéanamh.”;

(d) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

“7. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh ó 2018 nó ó aon bhliain ina dhiaidh sin nach bhféadfaidh daoine nó grúpaí daoine a thagann faoi raon feidhme na chéad fhomhíre agus an dara fhomhír de mhír 2 ach critéar amháin nó dhá cheann de na trí chritéar a liostaítear sa tríú fhomhír de mhír 2 a ghairm d’fhonn a léiriú gur feirmeoirí gníomhacha iad. Déanfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i leith cinneadh den sórt sin faoin 31 Márta 2018, má chuirtear i bhfeidhm ó 2018 é nó, má chuirtear i bhfeidhm ó bhliain ina dhiaidh sin é, faoin 1 Lúnasa an bhliain roimh dóibh an cinneadh a chur i bhfeidhm.

8. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh éirí as mír 2 a chur i bhfeidhm ó 2018 nó aon bhliain ina dhiaidh sin. Déanfaidh siad fógra a thabhairt don Choimisiún i leith cinneadh den sórt sin faoin 31 Márta 2018, má chuirtear i bhfeidhm ó 2018 é nó, má chuirtear i bhfeidhm ó bhliain ina dhiaidh sin é, faoin 1 Lúnasa an bhliain roimh dóibh an cinneadh a chur i bhfeidhm.”;

(4) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Féadfaidh na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a gcinntí maidir le híocaíochtaí a laghdú i gcomhréir leis an Airteagal seo, ar choinníoll nach laghdaítear na méideanna atá ar fáil don fhorbairt tuaithe mar gheall ar an athbhreithniú sin.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon chinntí a dhéanfar i gcomhréir leis an Airteagal seo agus faoi aon táirge measta laghduithe do na blianta go dtí 2019 faoin 1 Lúnasa an bhliain roimh chur i bhfeidhm na gcinntí sin, agus is é an 1 Lúnasa 2018 an dáta deireanach ar féidir an fógra sin a thabhairt.”;

(5) leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

“Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar na cinní dá dtagraítear sa mhír seo le héifeacht ó bhliain féilire 2019 agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi aon chinneadh bunaithe ar an athbhreithniú sin faoin 1 Lúnasa 2018. Ní bheidh laghdú ar an gcéatadán faoina dtugtar fógra don Choimisiún i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, an dara fhomhír, an tríú fhomhír agus an ceathrú fhomhír mar thoradh ar aon chinntí a bheidh bunaithe ar athbhreithniú den sórt sin.”;

(b) i mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

“Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar na cinní dá dtagraítear sa mhír seo le héifeacht ó bhliain féilire 2019 agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi aon chinneadh bunaithe ar an athbhreithniú sin faoin 1 Lúnasa 2018. Ní bheidh méadú ar an gcéatadán faoina dtugtar fógra don Choimisiún i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, an dara fhomhír, an tríú fhomhír agus an ceathrú fhomhír mar thoradh ar aon chinntí bunaithe ar athbhreithniú den sórt sin.”;

(6) in Airteagal 31(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

“(g) laghdú líneach ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta faoi scéim na híocaíochta bunúsaí ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach chun na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 30(6) den Rialachán seo a chumhdach, i gcás ina measann na Ballstáit go bhfuil gá leis sin. De bhreis air sin, féadfaidh Ballstáit a bhaineann úsáid as an laghdú líneach sin cheana laghdú líneach a dhéanamh ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta faoi scéim na híocaíochta bunúsaí ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach chun na cásanna dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den chéad fhomhír d’Airteagal 30(7) den Rialachán seo a chumhdach.”;

(7) in Airteagal 36(4), cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

“I gcás gach Ballstáit, féadfar an méid a ríomhtar i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo a mhéadú d’uasmhéid 3 % den uasteorainn bhliantúil náisiúnta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II tar éis an méid atá mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 47(1) don bhliain ábhartha a bhaint. Nuair a chuirfidh Ballstát méadú den sórt sin i bhfeidhm, cuirfidh an Coimisiún an méadú sin san áireamh agus an uasteorainn náisiúnta bhliantúil á socrú le haghaidh na scéime íocaíochta aonair limistéir de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo. Chuige sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin 31 Eanáir 2018 faoi na céatadáin bhliantúla faoina méadófar an méid arna ríomh de bhun mhír 1 den Airteagal seo gach bliain féilire ó 2018.

Féadfaidh na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a gcinneadh dá dtagraítear sa dara fhomhír den mhír seo agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi aon chinneadh a bheidh bunaithe ar athbhreithniú den sórt sin faoin 1 Lúnasa an bhliain roimh dóibh an cinneadh a chur i bhfeidhm.”;

(8) leasaítear Airteagal 44 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Gan dochar do líon na mbarr a theastaíonn de bhun mhír 1, ní bheidh feidhm ag na huastairseacha a leagtar amach ansin i gcás gabháil ina mbeidh níos mó ná 75 % den talamh arúil faoi fhéar nó faoi fhoráiste luibheach eile nó i gcás inar talamh bán níos mó ná 75 % den talamh arúil nó ina saothraítear é le barra atá faoi uisce ar feadh cuid shuntasach den bhliain, nó ar feadh cuid shuntasach de thimthriall na mbarr. I gcásanna den sórt sin, ní chumhdóidh an príomhbharr ar an gcuid eile den talamh arúil níos mó ná 75 % den talamh arúil sin ach amháin i gcás ina mbeidh an talamh eile sin faoi fhéar nó faoi fhoráiste luibheach nó i gcás inar talamh bán é.”;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) agus phointe (b):

“(a) I gcás ina n-úsáidfeadh níos mó ná 75 % den talamh arúil chun féar nó foráiste luibheach eile a tháirgeadh nó i gcás ina n-úsáidfeadh é chun barraí léagúmacha a shaothrú nó i gcás inar talamh bán atá ann nó inar teaghlaim de na húsáidí sin atá ann;

(b) i gcás inar féarthailte buana níos mó ná 75 % den limistéar talmhaíochta incháilithe, i gcás ina n-úsáidfeadh é chun féar nó foráiste luibheach eile a tháirgeadh nó barra a bhíonn faoi uisce ar feadh cuid shuntasach den bhliain nó cuid shuntasach de thimthriall na mbarr a shaothrú, nó faoi réir teaghlaim de na húsáidí sin atá ann.”;

(c) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

“Measfar go mbeidh barra geimhridh agus barra earraigh éagsúil, fiú más den ghéineas céanna iad araon. Measfar gur barr éagsúil é *Triticum spelta* ó bharr den ghéineas céanna.”;

(9) leasaítear Airteagal 46 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“1. I gcás ina gcuimhdóidh talamh arúil an ghabháiltais níos mó ná 15 heicteár, áiritheoidh an feirmeoir, ón 1 Eanáir 2015 ar aghaidh, gur limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht é limistéar a bheidh ag comhfhreagairt do 5 % ar a laghad de thalamh arúil an ghabháiltais a dhearbhaigh an feirmeoir i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d’Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus, má mheasann an Ballstát gur limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht iad i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, lena n-áirítear na limistéir a luaitear i bpointí (c), (d), (g), (h), (k) agus (l) den mhír sin.”;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear na pointí seo a leanas léi:

“(k) limistéir ina bhfuil *miscanthus*;

(l) limistéir ina bhfuil *Silphium perfoliatum*;

(m) talamh a fhágtar bán le haghaidh plandaí milmheara (speicis atá saibhir ó thaobh pailine agus neachtair).”;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

“Cé is moite de limistéir an ghabháiltais dá dtagraítear i bpointí (g), (h), (k) agus (l) den chéad fhomhír den mhír seo, is ar thalamh arúil an ghabháiltais a bheidh an limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht. I gcás na limistéar dá dtagraítear i bpointe (c) agus i bpointe (d) den chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh freisin an limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht a bheith taobh le talamh arúil an ghabháiltais a dhearbhaigh an feirmeoir i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d’Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.”;

(c) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) agus phointe (b):

“(a) ina n-úsáidfeadh níos mó ná 75 % den talamh arúil chun féar nó foráiste luibheach eile a tháirgeadh, nó inarb ionann níos mó ná 75 % de agus talamh bán, nó ina n-úsáidfeadh níos mó ná 75 % de chun barraí léagúmacha a shaothrú nó inar teaghlaim de na húsáidí sin atá ann;

(b) inarb ionann níos mó ná 75 % den limistéar talmhaíochta incháilithe agus féarthailte buana, ina n-úsáidfeadh é chun féar nó foráiste luibheach eile a tháirgeadh nó chun barra a bhíonn faoi uisce ar feadh cuid shuntasach den bhliain nó ar feadh cuid shuntasach de thimthriall na mbarr a shaothrú, nó inar teaghlaim de na húsáidí sin atá ann.”;

(10) leasaítear Airteagal 50 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Deonófar an íocaíocht d’fheirmeoirí óga ar gach feirmeoir ar feadh tréimhse 5 bliana ag tosú tráth ar cuireadh isteach an chéad iarratas ar íocaíocht d’fheirmeoirí óga ar an gcoinníoll gur cuireadh isteach an t-iarratas sin laistigh de 5 bliana tar éis an bhunaithe dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2. Beidh feidhm ag an tréimhse 5 bliana sin i gcás feirmeoirí a fuair íocaíocht d’fheirmeoirí óga i ndáil le héilimh roimh bhliain éilimh 2018.

De mhaolú ar an dara habairt den chéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, i gcás na bhfeirmeoirí óga sin a bhunaigh i gcomhréir le pointe (a) de mhír 2 sa tréimhse 2010-2013, tá an tréimhse 5 bliana le laghdú de réir an lín bhlianta idir an bunú dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2 agus an tráth ar cuireadh isteach an chéad iarratas ar íocaíocht d’fheirmeoirí óga.”;

(b) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) agus phointe (b):

“(a) idir 25 % agus 50 % de mheánluach na dteidlíochtaí íocaíochta, a bheidh i seilbh an fheirmeora ar leis iad nó atá ar léas aige; nó

(b) idir 25 % agus 50 % den mhéid a gheofar trí chéatadán seasta den uasteorainn náisiúnta don bhliain féilire 2019 a leagtar amach in Iarscríbhinn II a roinnt ar líon na heicteár incháilithe ar fad a dearbhaíodh in 2015 i gcomhréir le hAirteagal 33(1). Beidh an céatadán seasta sin comhionann le sciar na huasteorann náisiúnta atá fágtha do scéim na híocaíochta bunúsaí i gcomhréir le hAirteagal 22(1) i gcomhair 2015”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7. Ríomhfaidh na Ballstáit a mbeidh Airteagal 36 á chur i bhfeidhm acu méid na híocaíochta d’fheirmeoirí óga gach bliain trí uimhir a bheidh ag comhfhreagairt do luach idir 25 % agus 50 % den íocaíocht aonair limistéir a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 36 a iolrú faoi líon na heicteár incháilithe a dhearbhaigh an feirmeoir i gcomhréir le hAirteagal 36(2).”;

(d) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“8. De mhaolú ar mhír 6 agus ar mhír 7 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit méid na híocaíochta d’fheirmeoirí óga a ríomh trí uimhir a chomhfhreagraíonn do luach idir 25 % agus 50 % den mheáníocaíocht náisiúnta in aghaidh an heicteáir a iolrú faoi líon na dteidlíochtaí a ghníomhachtaigh an feirmeoir i gcomhréir le hAirteagal 32(1), nó faoi líon na heicteár incháilithe a dhearbhaigh an feirmeoir i gcomhréir le hAirteagal 36(2).”;

(e) i mír 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“10. In áit mír 6 go mír 9 a chur i bhfeidhm, féadfaidh na Ballstáit cnapshuim bhliantúil a leithdháileadh in aghaidh an fheirmeora, agus í á ríomh trí líon seasta heicteár a iolrú faoi uimhir a chomhfhreagraíonn do luach idir 25 % agus 50 % den mheáníocaíocht náisiúnta in aghaidh an heicteáir mar a bhunaítear i gcomhréir le mír 8.”;

(11) leasaítear Airteagal 52 mar a leanas:

(a) scriostar mír 5;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Scéim atá i dtacaíocht chúpláilte lena gcuirtear teorainn leis an táirgeacht, a bheidh i bhfoirm íocaíocht bhliantúil bunaithe ar limistéir sheasta nó ar tháirgeacht sheasta nó ar líon seasta ainmhithe agus urramófar léi na huasteorainneacha airgeadais a chinnfidh na Ballstát do gach beart agus a dtabharfaidh siad fógra don Choimisiún ina leith.”;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“10. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 lena bhforlíonófar an Rialachán seo maidir le bearta chun nach mbeidh tairbhíthe a dtugtar tacaíocht chúpláilte dheonach dóibh thíos leis mar gheall ar mhíchothromaíochtaí struchtúracha margaidh in earnáil. Leis na gníomhartha tarmligthe sin, ceadófar do na Ballstáit a chinneadh go bhféadfar leanúint den tacaíocht sin a fóc go dtí 2020 ar bhonn na n-aonad táirgthe dar deonaíodh tacaíocht chúpláilte dheonach i dtréimhse thagartha roimhe seo.”;

(12) in Airteagal 53, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Féadfaidh na Ballstáit, faoin 1 Lúnasa in aon bhliain faoi leith, athbhreithniú a dhéanamh ar a gcinneadh de bhun na Caibidle seo agus a chinneadh, le héifeacht ón gcéad bhliain eile:

(a) an céatadán a shocrófar de bhun mhír 1, mhír 2 agus mhír 3 a fhágáil gan athrú, a mhéadú nó a laghdú, laistigh de na teorainneacha a leagtar síos sna míreanna sin i gcás inarb infheidhme, nó an céatadán a shocrófar a fhágáil gan athrú nó a laghdú de bhun mhír 4;

(b) na coinníollacha maidir le deonú na tacaíochta a mhodhnú;

(c) deireadh a chur le deonú na tacaíochta faoin gCaibidil seo.

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le haon chinneadh den sórt sin faoin dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír.”;

(13) leasaítear Airteagal 70 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 2;

“2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2, Airteagal 4(3), Airteagal 6(3), Airteagal 7(3), Airteagal 8(3), Airteagal 9(5), Airteagal 20(6), Airteagal 35, Airteagal 36(6), Airteagal 39(3), Airteagal 43(12), Airteagal 44(5), Airteagal 45(5) agus (6), Airteagal 46(9), Airteagal 50(11), Airteagal 52(9) agus (10), Airteagal 57(3), Airteagal 58(5), Airteagal 59(3), Airteagal 64(5), Airteagal 67(1) agus (2) agus Airteagal 73 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 7 mbliana amhail ón 1 Eanáir 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 7 mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.”

(b) cuirtear na méid seo a leanas isteach in ionad mhír 3;

“3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2, Airteagal 4(3), Airteagal 6(3), Airteagal 7(3), Airteagal 8(3), Airteagal 9(5), Airteagal 20(6), Airteagal 35, Airteagal 36(6), Airteagal 39(3), Airteagal 43(12), Airteagal 44(5), Airteagal 45(5) agus (6), Airteagal 46(9), Airteagal 50(11), Airteagal 52(9) agus (10), Airteagal 57(3), Airteagal 58(5), Airteagal 59(3), Airteagal 64(5), Airteagal 67(1) agus (2) agus Airteagal 73 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe a bheidh i bhfeidhm cheana.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 5;

“5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2, Airteagal 4(3), Airteagal 6(3), Airteagal 7(3), Airteagal 8(3), Airteagal 9(5), Airteagal 20(6), Airteagal 35, Airteagal 36(6), Airteagal 39(3), Airteagal 43(12), Airteagal 44(5), Airteagal 45(5) agus (6), Airteagal 46(9), Airteagal 50(11), Airteagal 52(9) agus (10), Airteagal 57(3), Airteagal 58(5), Airteagal 59(3), Airteagal 64(5), Airteagal 67(1) agus (2) agus Airteagal 73 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na Eorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.”;

(14) leasaítear Iarscríbhinn X i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo:

Airteagal 4

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 33 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

“(f) géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú, lena n-áirítear traenáil a chur ar fáil d’eagraíochtaí táirgeoirí eile, do chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí mar aon le grúpaí táirgeoirí nó táirgeoirí aonair”;

(b) leasaítear an chéad fhomhír de mhír 3 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) agus phointe (d):

“(c) cur chun cinn agus cumarsáid, lena n-áirítear gníomhartha agus gníomhaíochtaí lena ndírítear ar éagsúlú agus ar chomhdhlúthú i margaí na dtorthaí agus na nglasraí, ar mhaithe le cosc nó le linn géarchéime;

(d) tacaíocht maidir leis na costais riaracháin a bhaineann le bunú cistí frithpháirteacha agus ranniocaíochtaí airgeadais le cistí frithpháirteacha a athlónadh, tar éis an chúitimh a íocadh le comhaltáir ar táirgeoirí iad a mbíonn títim ghéar ar a n-ioncam de dheasca dálaí díobhálacha sa mhargadh”;

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas léi:

“(i) traenáil a chur ar eagraíochtaí táirgeoirí eile, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí mar aon le grúpaí táirgeoirí nó táirgeoirí aonair.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara agus an tríú fohmhir de mhír 5:

“Urramóidh na bearta comhshaoil na ceanglais agra-chomhshaoil-aeráide nó gealltanais maidir le feirmeoireacht orgánach a leagtar síos in Airteagal 28(3) agus in Airteagal 29(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

I gcás ina mbeidh 80 % ar a laghad de na comhaltaí ar táirgeoirí iad in eagraíocht táirgeoirí faoi réir gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide nó gealltanais feirmeoireachta orgánaí comhionann amháin nó níos mó dá bhforáiltear in Airteagal 28(3) agus Airteagal 29(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, glacfar le gach ceann de na gealltanais sin mar bheart comhshaoil dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fohmhir den mhír seo.”;

(2) in Airteagal 34, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Méadófar an teorainn 50 % dá bhforáiltear i mír 1 go 100 % sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcásanna ina dtarraingeofar siar torthaí agus glasraí ón margadh, ach nach sáraíonn an tarraingt siar 5 % de mhéid an táirgthe arna mhargú de chuid gach eagraíochta táirgeoirí, agus ina ndéanfar iad a dhiúscairt:

(i) trína ndáileadh saor in aisce ar eagraíochtaí agus ar fhondúireachtaí carthanacha, arna bhformheas chuige sin ag na Ballstáit, lena n-úsáid ina ngníomhaíochtaí le cabhrú le daoine a aithnítear sa dlí náisiúnta go bhfuil siad i dteideal cúnaimh poiblí a fháil, go háirithe toisc nach bhfuil an chóir mhaireachtála riachtanach acu;

(ii) trína ndáileadh saor in aisce ar fhorais phionóis, ar scoileanna agus ar institiúidí oideachais phoiblí, forais dá dtagraítear in Airteagal 22 agus ar champaí saoire leanaí chomh maith le hospidéal agus le hárais seanóirí arna n-ainmniú ag na Ballstáit, a dhéanfaidh na bearta ar fad is gá lena áirithiú i gcás na gcainníochtaí a dháiltear gur cainníochtaí sa bhreis iad ar na cainníochtaí a dhéanann na forais sin a cheannach isteach de ghnáth;

(b) gníomhaíochtaí a bhaineann le traenáil a chur ar eagraíochtaí táirgeoirí eile, nó ar ghrúpaí táirgeoirí a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 125e de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 nó i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, ar an gcoinníoll gurb ó réigiúin de chuid na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 35(1) den Rialachán seo, nó ó tháirgeoirí aonair, iad na heagraíochtaí nó na grúpaí sin.”;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 35:

“Airteagal 35

Cúnaimh airgeadais náisiúnta

1. I réigiúin de chuid na mBallstát ina bhfuil leibhéal eagrúcháin na dtáirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí go mór faoi bhun mheán an Aontais, féadfaidh na Ballstáit cúnaimh airgeadais náisiúnta a thabhairt d’eagraíochtaí táirgeoirí arb ionann é agus 80 % ar a mhéad de na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 32(1) agus suas le 10 % de luach an táirgthe arna mhargú ag aon eagraíocht táirgeoirí den sórt sin. Beidh an cúnaimh sin sa bhreis ar an gciste oibriúcháin.

2. Measfar go mbeidh leibhéal eagrúcháin na dtáirgeoirí i réigiúin de chuid Ballstáit go mór faoi bhun mheán an Aontais i gcás inar lú ná 20 % an meáneagrú le haghaidh 3 bliana as a chéile roimh chur chun feidhme an chláir oibriúcháin. Ríomhfar an leibhéal eagrúcháin sin mar luach an táirgthe torthaí agus glasraí a fuarthas sa réigiúin lena mbaineann agus arna mhargú ag na heagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus grúpaí táirgeoirí a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 125e de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 nó le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, arna roinnt ar luach iomlán an táirgthe torthaí agus glasraí a fuarthas sa réigiúin sin.

3. Ballstáit a dheonaíonn cúnaimh airgeadais náisiúnta i gcomhréir le mír 1, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi na réigiúin a chomhlíonann na critéir dá dtagraítear i mír 2 agus faoin gcúnaimh airgeadais náisiúnta arna dheonú d’eagraíochtaí táirgeoirí sna réigiúin sin.”;

(4) in Airteagal 37, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d)(ii):

“(ii) coinníollacha a bhaineann le pointí (a), (b), (c) agus (i) den chéad fohmhir d’Airteagal 33(3);”;

(5) sa chéad fhomhír d'Airteagal 38, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

“(i) bearta cur chun cinn, cumarsáide, oiliúna agus traenála i gcásanna a bhaineann le géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú;”;

(6) in Airteagal 62, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“5. Féadfaidh na Ballstáit an Chaibidil seo a chur i bhfeidhm maidir le limistéir ina dtáirgtear fion atá oiriúnach do tháirgeacht biotáillí fíona lena ngabhann tasc geografach arna chlárú i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*). Chun críocha na Caibidle seo, féadfar caitheamh leis na limistéir sin mar limistéir inar féidir fionta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tasc geografach faoi chosaint acu a tháirgeadh.

(* Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16)”;

(7) leasaítear Airteagal 64 mar a leanas:

(a) sa dara fomhír de mhír 1, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“(ca) níl fíniúnacha plandaithe ag an iarratasóir gan údarú dá dtagraítear in Airteagal 71 den Rialachán seo nó gan ceart plandaithe dá dtagraítear in Airteagal 85a agus in Airteagal 85b de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007;”;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda tosaigh:

“2. Má tá méid an limistéir iomlán a chumhdaítear leis na hiarratais incháilithe dá dtagraítear i mír 1, i mbliain ar leith, thar mhéid an limistéir a chuir an Ballstát ar fáil, deonófar údaruithe, de réir dháileadh pro-rata na heicteár, do na hiarratasóirí go léir ar bhonn an limistéir a ndearna siad iarratas ar údarú ina leith. Tríd an deonú sin, féadfar limistéir íosta agus/nó uasta a bhunú de réir iarratasóra agus féadfar é a dhéanamh go páirteach nó go hiomlán freisin i gcomhréir le ceann amháin nó níos mó de na critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha thosaíochta seo a leanas.”;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“2a. Má chinneann an Ballstát ceann amháin nó níos mó de na critéir dá dtagraítear i mír 2 a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Ballstát an coinníoll breise a chur leis go mbeidh an t-iarratasóir ina dhuine nádúrtha nach bhfuil os cionn 40 bliain d’aois an bhliain a dtíolactar an t-iarratas.”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Poibleoidh na Ballstáit na critéir dá dtagraítear i mír 1, i mír 2 agus i mír 2a a bheidh á gcur i bhfeidhm acu agus tabharfaidh siad fógra láithreach don Choimisiún faoi na critéir sin.”;

(8) leasaítear Airteagal 148 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“1a. Mura mbainfidh na Ballstáit leas as na féidearthachtaí dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh táirgeoir, eagraíocht táirgeoirí, nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a cheangal go mbeidh aon bhainne amh a bheidh á sheachadadh faoi réir conradh scríofa idir na páirtithe agus/nó go mbeidh sé faoi réir tairiscint i scríbhinn ar chonradh ó na chéad cheannaitheoirí, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa chéad fhomhír de mhír 4 den Airteagal seo.

Más micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE é an chéad cheannaitheoir, ní bheidh an conradh agus/nó an tairiscint ar chonradh éigeantach, gan dochar don deis atá ag na páirtithe leas a bhaint as conradh caighdeánach arna dhreachtú ag eagraíocht idirchraoibhe.”;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda tosaigh:

“2. Maidir leis an gconradh agus/nó an tairiscint ar chonradh dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 1a.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. De mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 1a, ní bheidh gá le conradh agus/nó tairiscint ar chonradh i gcás ina seachadfaidh comhalta comharchumainn bainne amh don chomharchumann a bhfuil sé ina chomhalta de más rud go bhfuil, i reachtanna an chomharchumainn sin, nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a eascraíonn as na reachtanna sin, forálacha a bhfuil éifeachtaí acu atá comhchosúil leis na forálacha sin a leagtar amach i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 2.”;

(d) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda tosaigh agus phointe (a) den dara fómhír:

“D’ainneoin na chéad fhomhíre, beidh feidhm ag ceann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas:

- (a) i gcás ina gcinnfidh Ballstát conradh i scríbhinn maidir le seachadadh bainne amh a dhéanamh éigeantach i gcomhréir le mír 1, féadfaidh sé an méid seo a leanas a bhunú:
 - (i) oibleagáid do na páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le gaol idir cainníocht áirithe a sheachadtar agus an praghas is iníoctha ar an seachadadh sin;
 - (ii) fad íosta, nach mbeidh infheidhme ach amháin maidir le conarthaí i scríbhinn idir feirmeoir agus céad-cheannaitheoir an bhainne amh; 6 mhí ar a laghad a bheidh san fhad íosta sin agus ní dhéanfaidh sé difear d’fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh;”;

(9) in Airteagal 149, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Féadfaidh eagraíocht táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, ar eagraíocht í a aithnítear faoi Airteagal 161(1), na conarthaí sin maidir le seachadadh bainne amh ag feirmeoir ar phróiseálaí bainne amh, nó ar bhailitheoir de réir bhrí an tríú fómhír d’Airteagal 148(1), a chaibidil ar son a gcomhaltaí ar feirmeoirí iad, i dtaca le cuid dá gcomhtháirgeadh nó a gcomhtháirgeadh ar fad.”;

(10) leasaítear Airteagal 152 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) a bunaíodh ar thionscnamh na dtáirgeoirí agus a dhéanann ceann amháin ar a laghad de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- (i) comhphróiseáil;
- (ii) comhdháileadh, lena n-áirítear trí chomhardáin díola nó comhiompar;
- (iii) comhphacáistiú, comhlipéadú nó cur chun cinn comhpháirteach;
- (iv) comheagrú an rialaithe cháilíochta;
- (v) comhúsáid trealaimh nó áiseanna stórais;
- (vi) comhbhainistiú an fhuíll a bhaineann go díreach leis an táirgeadh;
- (vii) comhsholáthar ionchuir;
- (viii) aon ghníomhaíochtaí comhpháirteacha seirbhísí eile lena saothraítear ceann de na cuspóirí a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo;”;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

“1a. De mhaolú ar Airteagal 101(1) CFAE, féadfaidh eagraíocht táirgeoirí a aithnítear faoi mhír 1 den Airteagal seo táirgeacht a phleanáil, barrfheabhas a chur ar na costais táirgthe agus conarthaí a chur ar an margadh agus a chaibidil chun táirgí talmhaíochta a sholáthar, thar ceann a comhaltaí dá dtáirgeacht iomlán nó do chuid dá dtáirgeacht.

Féadfar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dhéanamh:

- (a) ar choinníoll go bhfeidhmítear i ndáiríre ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b)(i) go (vii) de mhír 1, agus go gcuirtear, ar an gcaoi sin, le comhlíonadh na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 39 CFAE;
- (b) ar choinníoll go gcomhchruinníonn an eagraíocht táirgeoirí an soláthar agus go gcuireann sí táirgí a cuid comhaltaí ar an margadh, cibé acu a aistríonn nó nach n-aistríonn na táirgeoirí úinéireacht na dtáirgí talmhaíochta chuig an eagraíocht táirgeoirí;
- (c) cibé acu is ionann nó nach ionann an praghas a chaibidlítear maidir le táirgeadh comhiomlánaithe cuid de na comhaltaí, nó táirgeadh comhiomlánaithe na gcomhaltaí ar fad;
- (d) ar choinníoll nach bhfuil na táirgeoirí lena mbaineann ina gcomhaltaí d’eagraíocht táirgeoirí ar bith eile a mhéid a bhaineann leis na táirgí a chlúdaítear leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír;
- (e) ar choinníoll nach mbeidh an táirge talmhaíochta cumhdaithe le haon oibleagáid maidir le seachadadh a eascraíonn ó chomhaltas an fheirmeora i gcomharchumann, nach ball é féin de na heagraíochtaí táirgeoirí lena mbaineann, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i reachtanna a chomharchumainn nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a eascraíonn uathu.

Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit maolú ar an gcoinníoll a leagtar amach i bpointe (d) den dara fomhír i gcásanna a bhfuil údar cuí leo más rud é go bhfuil dhá aonad táirgeachta shainiúla ag comhaltaí ar táirgeoirí iad agus go bhfuil na haonaid sin lonnaithe i limistéir gheografacha éagsúla;

1b. Chun críocha an Airteagail seo, áireofar freisin sna tagairtí d'eagraíochtaí táirgeoirí comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 156(1) más rud é go gcomhlíonann na comhlachais sin na ceanglais a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo.

1c. Féadfaidh an t-údarás náisiúnta iomaíochta dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 cinneadh a dhéanamh i gcásanna aonair, san am atá le teacht, go ndéanfar ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1a a mhodhnú, go gcuirfear deireadh leis an ngníomhaíocht nó leis na gníomhaíochtaí sin nó nach ndéanfar í nó iad ar chor ar bith má mheasann sé go bhfuil sé sin riachtanach chun cosc a chur ar eisiaimh iomaíochta nó má mheasann sé go bhfuil na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 39 CFAE i mbaol.

I gcás caibidlíochta ina gcumhdaítear níos mó ná Ballstát amháin, is é an Coimisiún a dhéanfaidh an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm.

Ag gníomhú dó faoin gcéad fhomhír den mhír seo, tabharfaidh an t-údarás náisiúnta iomaíochta fógra i scríbhinn don Choimisiún roimh thús a chur leis an gcéad bheart foirmiúil den imscrúdú nó gan mhoill ina dhiaidh sin agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi na cinntí a glacadh gan mhoill tar éis a nglactha.

Ní bheidh feidhm ag na cinntí dá dtagraítear sa mhír seo roimh an dáta a bhfógraítear iad do na gnóthais lena mbaineann.”;

(c) scriostar mír 3;

(11) leasaítear Airteagal 154 mar a leanas;

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“1a. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, arna iarraidh sin, níos mó ná aitheantas amháin a dheonú d'eagraíocht táirgeoirí a oibríonn i roinnt earnálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) ar choinníoll go gcomhlíonann an eagraíocht táirgeoirí na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcás gach earnála a bhfuil aitheantas á lorg aici ina leith.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

“2. I gcás eagraíochtaí táirgeoirí ar tugadh aitheantas dóibh roimh an 1 Eanáir 2018 agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go measfar gur eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí iad de bhun Airteagal 152.

3. I gcás eagraíochtaí táirgeoirí ar tugadh aitheantas dóibh roimh an 1 Eanáir 2018 ach nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, tarraingeoidh na Ballstáit siar a n-aitheantas tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2020.”;

(12) leasaítear Airteagal 157 mar a leanas:

(a) i bpointe (c) de mhír 1, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

“(xv) clásail chaighdeánacha maidir le comhroinnt luacha a bhunú de réir bhrí Airteagal 172a, lena n-áirítear bónais agus cailleanais sna margaí, lena gcinntear an chaoi a leithdháilfear aon éabhlóid ar phraghsanna ábhartha margaí na dtáirgí lena mbaineann nó ar na margaí tráchtearraí eile eatarthu;

(xvi) bearta cur chun feidhme chun sláinte ainmhithe, cosaint plandaí agus rioscaí comhshaoil a chosc agus a bhainistiú.”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“1a. Féadfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin, níos mó ná aitheantas amháin a dheonú d'eagraíocht idirchraoibhe a oibríonn i roinnt earnálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) ar choinníoll go gcomhlíonann an eagraíocht idirchraoibhe na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inarb infheidhme, i mír 3, i gcás gach earnála a bhfuil aitheantas á lorg aici ina leith.”;

(c) i bpointe (c) de mhír 3, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

“(xii) clásail chaighdeánacha maidir le comhroinnt luacha a bhunú de réir bhrí Airteagal 172a, lena n-áirítear bónais agus cailteanais sna margáí, lena gcinntear an chaoi a leithdháilfear aon éabhlóid ar phraghsanna ábhartha margáí na dtáirgí lena mbaineann nó ar na margáí tráchtearraí eile eatarthu;

(xiii) bearta cur chun feidhme chun sláinte ainmhithe, cosaint plandaí agus rioscaí comhshaoil a chosc agus a bhainistiú.”;

(13) in Airteagal 159, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

“Aitheantas éigeantach”;

(14) leasaítear Airteagal 161 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda tosaigh agus phointe (a):

“1. Tabharfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin, aitheantas mar eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne do gach eintiteas dlíthiúil nó do chodanna d’eintitis dhlíthiúla mar sin atá sainithe go soiléir, ar choinníoll:

(a) gur táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne atá iontu agus gur ar a dtionscnamh a bhunaítear iad agus (go bhfuil aidhm shonrach á saothrú acu, a bhféadfaidh ceann amháin de na cuspóirí seo a leanas nó níos mó ná sin a bheith ar áireamh inti:

(i) féachaint chuige go ndéanfar táirgeadh a phleanáil agus a oiriúnú de réir an éilimh, go háirithe ó thaobh cáilíochta agus cainníochta;

(ii) soláthar na dtáirgí a tháirgeann a gcomhaltaí a chomhchruinniú agus na dtáirgí sin a chur ar an margadh;

(iii) na costais táirgthe a bharrfheabhsú agus praghsanna na dtáirgeoirí a chobhsú;”

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Maidir le heagraíochtaí táirgeoirí ar tugadh aitheantas dóibh roimh an 2 Aibreán 2012 ar bhonn an dlí náisiúnta, agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i mír 1, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go measfar gur eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí iad.”;

(15) leasaítear Airteagal 168 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“1a. Mura mbainfidh na Ballstáit leas as na féidearthachtaí dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh táirgeoir, eagraíocht táirgeoirí, nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, sa mhéid a bhaineann le táirgí talmhaíochta in earnáil dá dtagraítear in Airteagal 1(2) seachas earnáil an bhainne, na dtáirgí bainne agus an tsúicra, a cheangal go mbeidh aon seachadadh táirgí dá chuid/dá cuid/dá gcuid chuig próiseálaí nó dáileoir faoi réir conradh i scríbhinn idir na páirtithe agus/nó go mbeidh siad faoi réir tairiscint i scríbhinn ar chonradh ó na chéad cheannaitheoirí, faoi na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 agus sa chéad fhomhír de mhír 6 den Airteagal seo.

Más micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE é an chéad cheannaitheoir, ní bheidh an conradh agus/nó an tairiscint ar chonradh éigeantach, gan dochar don deis atá ag na páirtithe leas a bhaint as conradh caighdeánach arna dhréachtú ag eagraíocht idirchraoibhe.”;

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda tosaigh:

“4. Maidir le haon chonradh nó tairiscint ar chonradh dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 1a.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. De mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 1a, ní bheidh gá le conradh ná le tairiscint ar chonradh i gcás ina seachadfaidh comhalta comharchumainn na dtáirgí lena mbaineann don chomharchumann a bhfuil sé ina chomhalta de, más rud go bhfuil, i reachtanna an chomharchumainn sin, nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a chineann ó na reachtanna sin, forálacha a bhfuil éifeachtaí acu atá comhchosúil leis na forálacha sin a leagtar amach i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 4.”;

(16) scriostar Airteagal 169, Airteagal 170 agus Airteagal 171;

(17) cuirtear an Roinn seo a leanas isteach:

“Roinn 5a

Clásail maidir le comhroinnt luacha

Airteagal 172a

Comhroinnt luacha

Gan dochar d'aon chlásal sonrath maidir le comhroinnt luacha in earnáil an tsiúcra, féadfaidh feirmeoirí, comhlachais feirmeoirí san áireamh, agus a gcéad cheannaitheoir teacht ar chomhaontú i ndáil le clásail maidir le comhroinnt luacha, bónais agus cailteanais margáí san áireamh, lena gcinntear an chaoi a leithdháilfear aon éabhlóid ar na praghsanna ábhartha margáí do na táirgí lena mbaineann nó ar na margáí tráchtarraí eile eatarthu.”;

(18) in Airteagal 184, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Cuótaí taraife ar allmhairí táirgí talmhaíochta a scaoilfear le haghaidh saorchúrsaíochta san Aontas nó i gcuid de, nó cuótaí taraife ar allmhairí táirgí talmhaíochta de chuid an Aontais isteach i dtríú tíortha a bheidh le riar ina n-iomláine nó i bpáirt ag an Aontas, ar cuótaí taraife iad a bheidh ina dtoradh ar chomhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích i gcomhréir le CFAE nó as aon ghníomh eile arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 43(2) nó le hAirteagal 207 CFAE, déanfaidh an Coimisiún iad a oscailt agus/nó a riar trí bhíthin gníomhartha tarmilgthe de bhun Airteagal 186 den Rialachán seo agus trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 187 den Rialachán seo.”;

(19) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 188:

“Airteagal 188

Próiseas leithdháilte do chuótaí taraife

1. Foilseoidh an Coimisiún, trí fhoilseachán iomchuí gréasáin, torthaí phróiseas leithdháilte na gcuótaí taraife i dtaca leis na hiarratais dá dtabharfar fógra agus aird á tabhairt ar na cuótaí taraife a bheidh ar fáil agus ar na hiarratais dá dtabharfar fógra.

2. Ina theannta sin, déanfar tagairt san fhoilseachán dá dtagraítear i mír 1, nuair is iomchuí, don ghá le hiarratais ar feitheamh a dhiúltú, tíolacadh na n-iarratas a chur ar fionraí nó cainníochtaí nach n-úsáidfear a leithdháilleadh.

3. Eiseoidh na Ballstáit ceadúnais allmhairiúcháin agus ceadúnais onnmhairiúcháin i gcomhair cainníochtaí a gcuirfear iarratas isteach orthu laistigh de na cuótaí taraife allmhairiúcháin agus na cuótaí taraife onnmhairiúcháin, faoi réir comhéifeachtaí leithdháilte faoi seach agus tar éis don Choimisiún iad a chur ar fáil don phobal i gcomhréir le mír 1.”;

(20) leasaítear Airteagal 209 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fómhír de mhír 1:

“Ní bheidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chombheartaithe de chuid feirmeoirí, comhlachais feirmeoirí, nó comhlachais na gcomhlachas sin, nó eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 152 nó faoi Airteagal 161 den Rialachán seo, ná comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 156 den Rialachán seo, ar comhaontuithe, cinntí agus cleachtais iad a bhaineann le táirgeadh nó díol táirgí talmhaíochta nó úsáid comháiseanna chun táirgí talmhaíochta a stóráil, a chóireáil nó a phróiseáil, ach amháin má chuirfear na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 39 CFAE i gcontúirt.”;

(b) i mír 2, cuirtear na fómhíreanna seo a leanas isteach tar éis na chéad fhomhíre:

“Mar sin féin, féadfaidh feirmeoirí, comhlachais feirmeoirí, nó comhlachais na gcomhlachas sin, nó eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 152 nó faoi Airteagal 161 den Rialachán seo, nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 156 den Rialachán seo, tuairim a iarraidh ar an gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht na gcomhaontuithe, na cinntí agus na gcleachtais chombheartaithe sin leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 39 CFAE.

Déileálfaidh an Coimisiún leis na hiarrataí ar thuairimí go pras agus cuirfidh sé a thuairim chuig an iarratasóir laistigh de cheithre mhí tar éis iarraidh iomlán a fháil. Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó Bhallstát, ábhar tuairime a athrú, go háirithe más rud é gur chur an t-iarratasóir faisnéis neamhbheacht ar fáil nó má bhain sé mí-úsáid as an tuairim.”;

(21) leasaítear Airteagal 222 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda tosaigh:

“1. Le linn tréimhsí ina bhfuil míchothromaíochtaí tromchúiseacha sna margaí, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a mbeidh mar éifeacht acu nach mbeidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le comhaontuithe agus cinntí feirmeoirí, comhlachais feirmeoirí nó comhlachais de chomhlachais mar sin, nó eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí ná comhlachais eagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe in aon cheann de na hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, ar choinníoll nach mbainfear, leis na comhaontuithe agus na cinntí sin, an bonn d’fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, go mbeidh mar aidhm dhocht acu an earnáil lena mbaineann a chobhsú agus go dtiocfaidh siad faoi cheann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:”;

(b) scriostar mír 2;

(22) in Airteagal 232, scriostar mír 2;

(23) leasaítear Iarscríbhinn VII agus Iarscríbhinn VIII i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 5

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 652/2014

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“4. I gcás gníomhaíochtaí ilbhliantúla a fhorhmeas, féadfar oibleagáidí buiséadacha a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla. I gcás ina roinntear oibleagáidí buiséadacha amhlaidh, geallfaidh an Coimisiún na tráthchodanna bliantúla, agus dul chun cinn na ngníomhaíochtaí, na riachtanais a mheasfar a bheith ann agus an buiséad atá ar fáil á gcur i gcuntas.”;

(2) in Airteagal 13, scriostar mír 5;

(3) in Airteagal 22, scriostar mír 5;

(4) in Airteagal 27, scriostar mír 5.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2018.

Mar sin féin:

(a) beidh feidhm ag pointe 11(a) agus (b) d’Airteagal 3 ón 1 Eanáir 2015;

(b) beidh feidhm ag pointe 23(b) d’Airteagal 1 ón 1 Eanáir 2016; agus

(c) beidh feidhm ag pointe 3 d’Airteagal 4 ón 1 Eanáir 2019.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 13 Nollaig 2017.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. MAASIKAS

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 mar a leanas:

- (1) sa líne a bhaineann le hAirteagal 17(3), Ábhar: Infheistíocht i sócmhainní fisiceacha, Earnáil na talmhaíochta, Uasmhéid in EUR nó ráta: 40 %, an ceathrú colún, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda tosaigh agus na chéad fhleisce:

“De mhéid na hinfeistíochta incháilithe i réigiúin eile

Féadfar na rátaí thuas a mhéadú de 20 pointe céatadán breise, ar choinníoll nach sáróidh an t-uasmhéid tacaíochta comhcheangailte 90 %, le haghaidh:

— Feirmeoirí óga iad go ceann uastréimhse 5 g bliana ó dháta an bhunaithe mar a leagtar amach sa phlean forbartha tuaithe, nó go dtí go gcuirfear na gníomhaíochtaí a shainmhínítear sa phlean gnó dá dtagraítear in Airteagal 19(4) i gcrích;”;

- (2) sa líne a bhaineann le hAirteagal 17(3), Ábhar: Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha, Próiseáil agus margú na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE, Uasmhéid in EUR nó ráta: 40 %, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an cheathrú cholún:

“De mhéid na hinfeistíochta incháilithe i réigiúin eile

Féadfar na rátaí thuas a mhéadú de 20 pointe céatadán de bhreis le haghaidh oibríochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh laistigh de chreat CEN, le haghaidh infheistíochtaí comhchoiteanna agus tionscadail chomhtháite, nó le haghaidh oibríochtaí a bhfuil baint acu le cumasc d’eagraíochtaí táirgeoirí, ar choinníoll nach sáróidh an t-uasmhéid tacaíochta comhcheangailte 90 %”;

- (3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na línte a bhaineann le hAirteagal 37(5), le hAirteagal 38(5) agus le hAirteagal 39(5):

“37(5)	Árachas barr, ainmhithe agus plandaí	70 %	Den phréimh árachais dlite
38(5)	Cistí frithpháirteacha le haghaidh teagmhas díobhálach aeráide, galar ainmhithe agus plandaí, foirgeachta le lotnaidí agus teagmhas comhshaoil	70 %	De na costais cháilithe
39(5)	Uirlis cobhsaithe ioncaim	70 %	De na costais cháilithe”.

IARSCRÍBHINN II

In Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, leasaítear an tábla “Fachtóirí coinbhéartachta agus ualaithe dá dtagraítear in Airteagal 46(3)” mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na líne “Limistéir ina bhfuil garrán gearruainíochta”:

“Limistéir ina bhfuil garrán gearruainíochta (in aghaidh 1 m ²)	n.a.	0,5	0,5 m ² ;
---	------	-----	----------------------

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na líne “Limistéir ina bhfuil barra fosaithe nítrigine”:

“Limistéir ina bhfuil barra fosaithe nítrigine (in aghaidh 1 m ²)	n.a.	1	1 m ² ;
---	------	---	--------------------

(3) cuirtear na línte seo a leanas isteach:

“Limistéir ina bhfuil <i>Miscanthus</i>	n.a.	0,7	0,7 m ²
Limistéir ina bhfuil <i>Silphium perfoliatum</i>	n.a.	0,7	0,7 m ²
Talamh a fhágtar bán le haghaidh plandaí milmheara (speicis atá saibhir ó thaobh pailine agus neachtair)	n.a.	1,5	1,5 m ² .

IARSCRÍBHINN III

Leasaítear Iarscríbhinn VII agus Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 mar a leanas:

(1) i bpointe 1(c) de Chuid II d'Iarscríbhinn VII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fleasc:

“— féadfaidh an uasteorainn do neart iomlán an alcóil dul thar 15 % de réir toirte i gcás fionta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint acu agus a táirgeadh gan saibhriú, nó a saibhríodh le próisis tiúchana páirtí a liostaítear i bpointe 1 de Roinn B de Chuid I d'Iarscríbhinn VIII agus leis na próisis sin amháin, ar choinníoll go bhféadfadh an méid sin a bheith i gceist leis an tsonraíocht táirge i gcomhad teicniúil an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint lena mbaineann;”;

(2) i Roinn A de Chuid I d'Iarscríbhinn VIII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

“3. I mblianta ina bhfuil dálaí aeráide an-mhífhabhrach, féadfaidh na Ballstáit an teorainn (na teorainneacha) a leagtar síos i bpointe 2 a ardú faoi 0,5 % mar eisceacht i gcás na réigiún lena mbaineann. Déanfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i leith aon ardú den sórt sin.”.

Ráitis ón gCoimisiún

Airteagal 1 - Forbairt Tuaithe

— Síneadh curtha le ré Chlár um Fhorbairt Tuaithe

Leanfaidh caiteachas a bhaineann le clár um fhorbairt tuaithe (CFTanna) 2014-2020 arna bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 de bheith incháilithe do ranníocaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) má chuirtear íocaíocht chuig na tairbhíthe tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2023. Díreoidh an Coimisiún a aird ar thacaíocht leanúnach a thabhairt d'fhorbairt tuaithe tar éis 2020 i gcomhthéacs a thogra don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile.

— Bainistiú riosca

Dearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil sé beartaithe aige athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú agus éifeachtúlacht na n-uirlisí bainistithe riosca a chuimsítear cheana i Rialachán (CE) Uimh. 1305/2013 faoi réir an togra uaidh maidir le nuachóiriú agus simpliú an Chomhbheartais Talmhaíochta.

— Pionóis maidir le Clár Leader

Dearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil sé beartaithe aige athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht agus comhréireacht na bpionós maidir le LEADER a áirítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 ón gCoimisiún.

Airteagal 2 - Rialachán Cothrománach

— Cúlchiste géarchéime

Dearbhaíonn an Coimisiún go ndéanfar athbhreithniú ar oibriú an chúlchiste géarchéime san earnáil talmhaíochta agus ar aisíocaíocht na leithreasuithe a bhaineann le smacht airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 25 agus Airteagal 26(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 i gcomhthéacs an ullmhúcháin don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile chun go bhféadfar idirghabháil éifeachtúil thráthúil a dhéanamh in aimsir ghéarchéime sa mhargadh.

— Iniúchóireacht aonair

Tacaíonn an Coimisiún leis an gcur chuige iniúchóireachta aonair, mar a dhearbhaítear sa togra uaidh le haghaidh Airteagal 123 den Rialachán nua Airgeadais. Dearbhaíonn an Coimisiún freisin go gceadaítear an cur chuige sin cheana leis an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair le haghaidh bhainistiú agus rialú an chaiteachais talmhaíochta, arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus go bhfuil sé glactha aige ina straitéis iniúchóireachta don tréimhse 2014-2020. Go sonrach, i gcás ina meastar go bhfuil tuairim na Comhlachta Deimhniúcháin a fuarthas i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, go bhfuil an tuairim sin iontaofa, cuireann an Coimisiún an tuairim sin san áireamh agus measúnú á dhéanamh aige ar an ngá atá le hiniúchóireachtaí a dhéanamh ar an ngníomhaireacht íocaíochta lena mbaineann.

Article 3 - Íocaíochtaí díreacha

— Plean Próitéine

Dearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil sé beartaithe aige athbhreithniú a dhéanamh ar an staid soláthair agus éilimh do phróitéiní plandúla san Aontas agus a mheas an bhféadfaí “straitéis Eorpach um próitéiní plandúla” a fhorbairt d'fhonn spreagadh breise a thabhairt do tháirgeadh próitéiní plandúla san Aontas ar bhealach atá fónta ó thaobh an gheilleagair agus an chomhshaoil de.

Airteagal 4 - CEM

— Scéimeanna i ndáil le laghdú táirgeachta deonach

Dearbhaíonn an Coimisiún go gcuimsíonn Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta, go gcuimsíonn sé cheana, in Airteagal 219 agus Airteagal 221, an bunús dlí riachtanach lena gceadaítear dó, faoi réir acmhainní buiséadacha a bheith ar fáil, aghaidh a thabhairt ar shuaití sa mhargadh agus ar fhadhbanna sonracha eile, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach, agus féadtar cúnaimh airgeadais díreach a dheonú d'fheirmeoirí. Ina theannta sin, leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh uirlis earnáilsonrach chobhsaithe ioncaim a chur le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe, ceadófar do na Ballstáit an fhéidearthacht a chuimsiú ina gclár um fhorbairt tuaithe cúiteamh a thabhairt d'fheirmeoirí in earnáil shonrach i gcás ina dtagann laghdú suntasach ar a n-ioncam.

Anuas air sin, dearbhaíonn an Coimisiún go gceadaítear dó le hAirteagal 219, i gcás suaitheadh sa mhargadh nó i gcás baol go dtarlódh sin, scéimeanna a thabhairt isteach chun cúnamh ón Aontas a dheonú do tháirgeoirí a gheallfaidh a dtáirgeacht a laghdú ar bhonn deonach, lena n-áirítear na mionsonraí is gá chun scéim den chineál sin a oibriú (Sampla: Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1612 ón gCoimisiún, IO L 242 an 9.9.2016, lch. 4).

— Eagraíochtaí idirchraoibhe trasnáisiúnta a aithint

Meabhraíonn an Coimisiún go leagtar síos na rialacha a bhaineann le comhar táirgeoirí maidir le heagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta, comhaltais thrasnáisiúnta d'eagraíochtaí táirgeoirí nó eagraíochtaí idirchraoibhe trasnáisiúnta, lena n-áirítear an comhar riaracháin is gá idir na Ballstáit lena mbaineann, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 ón gCoimisiún. Déanfar athbhreithniú ar oibriú agus leordhóthanacht na rialacha sin sa phróiseas leanúnach chun CBT a nuachóiriú agus a shimpliú.

— Cleachtais trádála éagóracha

Dearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil tionscnamh seolta aige maidir leis an mbiashlabhra atá ag dul trí na céimeanna éagsúla a cheanglaítear leis na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr. Déanfaidh sé cinneadh maidir le togra reachtach féideartha a luaite a chuirfean an nós imeachta seo i gcrích, sa chéad leath de 2018 más féidir.

— Comhar tairgeoirí

Tugann an Coimisiún dá aire an comhaontú idir an Pharlaimint agus an Chomhairle maidir leis na leasuithe ar Airteagail 152, 209, 222, agus 232. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil na leasuithe arna gcomhaontú ag an bParlaimint agus ag an gComhairle de chineál substaintiúil agus go gcuimsítear iad gan measúnú tionchair a bheith déanta orthu mar a cheanglaítear le pointe 15 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Tagann as sin méid éiginnteachta ó thaobh an dlí agus nós imeachta de nach bhfuil inmhianaithe agus nach fios fós an tionchar agus na himpleachtaí a bheidh aige sin.

De bhrí gur athrú suntasach ar an gcreat dlíthiúil atá sna hathruithe ar an gcéad togra ón gCoimisiún arna gcur le chéile, tugann an Coimisiún dá aire, agus is cúis inní dó, go bhféadfadh sé gurbh é éifeacht na bhforálacha nua a rinneadh ar mhaithe leis na heagraíochtaí táirgeoirí inmharthanacht agus dea-bhail feirmeoirí beaga agus leas tomhaltóirí a chur i mbaol. Dearbhaíonn an Coimisiún a ghealltanais iomaíocht éifeachtach a choinneáil san earnáil talmhaíochta, agus éifeacht iomlán a thabhairt do chuspóirí CBT a leagtar síos in Airteagal 39 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Sa chomhthéacs sin, tugann an Coimisiún dá aire go ndéantar foráil leis na leasuithe arna gcomhaontú ag na comhreachtóirí maidir le ról an-teoranta, agus ní mó ná sin, a bheith ag an gCoimisiún agus ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta araon gníomhú chun iomaíocht éifeachtach a chaomhnú.

Tá comhaontú foriomlán an Choimisiúin ar an togra “Omnibus”, lena n-áirítear na leasuithe arna gcomhaontú ag an bParlaimint agus ag an gComhairle, gan dochar d’aon tograí a mholfaidh an Coimisiún sa todhchaí sna réimsí sin i gcomhthéacs athchóiriú ar an gcomhbheartas talmhaíochta don tréimhse tar éis 2020 agus aon tionscnaimh eile atá ceaptha go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na saincheisteanna dá dtagraítear sa téacs atá comhaontaithe anois ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle.

Is oth leis an gCoimisiún nár thug na comhreachtóirí aghaidh ar bhealach sásúil ar shaincheist an ról an-teoranta atá ag an bParlaimint agus ag na húdaráis inniúla náisiúnta araon i ngníomhú chun iomaíocht éifeachtach a chaomhnú, agus léiríonn sé inní faoi na himpleachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag an teorannú sin ar fheirmeoirí agus ar thomhaltóirí. Tugann an Coimisiún dá aire nach mór an téacs dlí a léirmhíniú ar dhóigh atá comhsheasmhach leis an gConradh, go háirithe i dtaca leis an bhféidearthacht a bheith ag an gCoimisiún agus na húdaráis iomaíochta náisiúnta idirghabháil a dhéanamh má chuireann eagraíocht táirgeoirí roimpi, a chumhdaíonn sciar mór den mhargadh, srian a chur le saoirse a mball chun gníomh a dhéanamh. Is oth leis an gCoimisiún nach ndéantar cosaint shoiléir ar an bhféidearthacht sin sa téacs dlí.

CEARTÚCHÁN**Ceartúchán ar Threoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil**

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 198 Eagrán Speisialta Gaeilge an 28 Iúil 2017)

ar leathanach 31, aithris (14):

in ionad: “(14) A mhéid is féidir le hiompar is inchurtha i leith duine nádúrtha damáiste nó bagairt a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais, ba cheart do dhaoine dlítheanacha a bheith faoi dhliteanas i leith na gcionta coiriúla, mar a shainmhínítear sa Treoir seo iad, arna ndéanamh thar a gceann.”,

léitear: “(14) A mhéid is féidir le hiompar is inchurtha i leith duine dlítheanach damáiste nó bagairt a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais, ba cheart do dhaoine dlítheanacha a bheith faoi dhliteanas i leith na gcionta coiriúla, mar a shainmhínítear sa Treoir seo iad, arna ndéanamh thar a gceann.”.

ar leathanach 34, Airteagal 2(1)(b):

in ionad: “(b) ciallaíonn ‘duine dlíthiúil’ aon eintiteas a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige faoin dlí is infheidhme, seachas Stáit nó comhlachtaí poiblí i bhfeidhmiú údarás an Stáit agus seachas eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí.”,

léitear: “(b) ciallaíonn ‘duine dlítheanach’ aon eintiteas a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige faoin dlí is infheidhme, seachas Stáit nó comhlachtaí poiblí i bhfeidhmiú údarás an Stáit agus seachas eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí.”.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA